# Turasóireacht Éireann
# Tuarascáil Bhliantúil 2020

## Clár
Stair Achomair agus Cúlra Reachtúil na Cuideachta
Ráiteas an Chathaoirligh agus an Phríomhfheidhmeannaigh
Bord Thurasóireacht Éireann
Tuarascáil agus Ráitis Airgid

## STAIR ACHOMAIR AGUS CÚLRA REACHTÚIL NA CUIDEACHTA

Bhunaigh Rialtas na hÉireann agus Feidhmeannas Thuaisceart Éireann, faoi choimirce na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas (NSMC), Turasóireacht Éireann CTR (Cuideachta Theoranta faoi Ráthaíocht), le bheith ina ghéag margaíochta don turasóireacht thar lear d'oileán na hÉireann agus corpraíodh é ar an 11 Nollaig 2000 mar Chuideachta Teoranta ag Ráthaíocht gan Scairchaipiteal. Tógann an chuideachta treoir beartais ón NSMC agus coinníonn sé dlúthchaidreamh oibre lena chomhaltaí bunaigh, Fáilte Éireann (FI) agus Tourism Northern Ireland (TNI). Is iad príomhchuspóirí na cuideachta an turasóireacht go hoileán na hÉireann a mhéadú agus tacaíocht a thabhairt do Thuaisceart Éireann lena chumas turasóireachta a bhaint amach. Tá an chuideachta á rialú ag a Meabhrán agus a hAirteagail Chomhlachais agus ag an Meabhrán Airgeadais faofa ag an NSMC agus ullmhaíonn sí Pleananna Corparáideacha trí bliana agus Plean Oibriúcháin aon-bhliana mar threoir dá cuid gníomhaíochtaí. Faigheann an chuideachta deontais airgid ón dá dhlínse agus íoctar na deontais seo amach trí FI agus TNI. Ceapann an NSMC bord stiúrthóirí.

**Ráiteas an Chathaoirligh agus an Phríomhfheidhmeannaigh**

Ba léir dúinn nuair a sheolamar ár bpleananna don bhliain 2020 go mbeadh dúshláin áirithe ann don turasóireacht ón iasacht - lena n-áirítear an neamhchinnteacht leanúnach faoin mBreatimeacht, neamhchinnteachtaí eacnamaíocha agus geopholaitiúla, agus srianta ar sholáthar aer-árthach. Ní fhéadfadh aon rud muid a ullmhú áfach don ghéarchéim is mó riamh don tionscal taistil agus turasóireachta ar fud na cruinne - ráig agus leathadh an COVID-19 in earrach na bliana 2020. Rinneadh géarchéimeanna an-díobháil don éileamh cheana, an galar Crúb agus Béal, SARS, 9/11 agus an scamall luaithrí bolcánach in 2010 a mhúch an t-éileamh go mór; bhí COVID-19 níos dúshlánaí ná aon cheann díobh sin.

Bhí tionchar eacnamaíoch an-tromchúiseach ar fad ag an bpaindéim ar oibritheoirí turasóireachta ar fud oileán na hÉireann. Dúnadh tithe ósta, ionaid cuairteoirí, beáir agus bialanna agus cuireadh imeachtaí, comhdhálacha agus gníomhaíochtaí spóirt ar ceal. I rith na bliana, cuireadh srianta diana ar an taisteal agus dúnadh teorainneacha, dúnadh spéartha na hEorpa ach amháin do bheagán eitiltí abhaile agus choinnigh na haerlínte an chuid is mó dá n-aerloingis ar an talamh, nó iad go léir. Bliain éachtach don turasóireacht ba ea 2019, agus ansin nuair a bhí an chuma air go mbeadh bliain eile den scoth againn in 2020, cuireadh deireadh beagnach iomlán leis an turasóireacht faoi dheireadh Mhárta. Bhí sé de sprioc ag Turasóireacht Éireann fás +2% a bhaint amach i gcuairteoirí ón iasacht sa bhliain 2020, ach faoi dheireadh na bliana bhí laghdú de -80% nó mar sin ann don bhliain.

Thosaigh géarchéim COVID-19 sa tSín agus bhí a thionchar le brath ar an taisteal amach as an margadh sin i mí Eanáir. Shocraigh muid ár n-oifig i Shanghai a dhúnadh go sealadach agus ár misean díolacháin chun na Síne i 2020, a bhí le tarlú ag deireadh Feabhra, a chur ar fionraí. Bhí seirbhís nua le bunú ag an aerlíne Síneach Juneyao idir Shanghai agus Baile Átha Cliath ag deireadh Mhárta; cuireadh é seo ar an mhéar fhada chomh maith. D'fhógair Hainan Airlines nach bhféadfaí a bhealach ó Beijing go Baile Átha Cliath a athoscailt; agus cuireadh filleadh eitilt Cathay Pacific idir Hong Cong agus Baile Átha Cliath ar ceal chomh maith.

Tháinig athrú suntasach ar chúrsaí faoi dheireadh Feabhra, nuair a scaip an víreas chuig cúigí na Lombairde agus Veneto na hIodáile. Le dianghlasáil na hIodáile cruthaíodh géarchéim ollmhór as na fadhbanna a bhí ann don taisteal agus don turasóireacht.

I mí Mhárta dúnadh oifigí Thurasóireacht Éireann i mBaile Átha Cliath, i gCúil Raithin agus i bhformhór ár margaí ar fud an domhain agus thosaigh ár bhfoireann ag obair ón mbaile; tugadh comhairle don bhfoireann go léir cloí le comhairle áitiúil sláinte phoiblí. Bhunaigh muid nósanna imeachta maidir le hobair ón mbaile agus treisíodh an chumarsáid leis na foirne ar fud an domhain, ag tabhairt an eolais is déanaí dóibh ar fhorbairtí de réir mar a tharla siad.

**Tascfhórsa Téarnaimh don Turasóireacht**

Ghlac Rialtas na hÉireann agus Feidhmeannas Thuaisceart Éireann go luath go raibh géarchéim gan fasach ann don earnáil agus chuaigh siad i mbun idirghabhála leis na páirtithe leasmhara lena bhfreagairtí a mheas. Sa dá dhlínse, cuireadh Tascfhórsa Turasóireachta ar bun le treoir a chur ar fáil do lucht déanta beartais agus do ghníomhaireachtaí turasóireachta maidir le riachtanais láithreacha na hearnála agus na céimeanna a bhí riachtanach le cabhrú leis an téarnamh sa mheántéarma agus sa bhfadtéarma. Cuireadh Tascfhórsa Téarnaimh don Eitlíocht ar bun chomh maith in Éirinn. Bhí ionadaíocht ag Turasóireacht Éireann sa trí thascfhórsa. Tá moltaí na dtascfhórsaí á gcur san áireamh inár bpleanáil.

**Taighde ar Rianairí COVID**

Tá monatóireacht á dhéanamh ag Turasóireacht Éireann ón tús ar thionchar domhanda COVID-19. I bhfianaise na n-athruithe bunúsacha atá ag tarlú inár dtionscal, bhí a fhios againn go raibh sé ríthábhachtach tuiscint chuimsitheach a fháil ar an tomhaltóir athraithe agus ar an mhargadh nua. Choimisiúnaigh Turasóireacht Éireann an clár taighde is mó riamh ar ár

bpríomh-mhargaí - le tionchar na paindéime ar rúin taistil a mheas, le fáil amach cathain a bheadh tomhaltóirí réidh le smaoineamh faoin taisteal arís agus cad iad na margaí ina mbeadh na dóchúlachtaí is fearr sa ghearr-théarma. D'fhoghlaim muid faoi iompar agus dearcadh tomhaltóra atá ag teacht chun cinn agus bhí tionchar bunúsach aige sin ar fhorbairt ár gclár gníomhaíochta. Beidh sé an-luachmhar mar ionchur pleanála do Thurasóireacht Éireann agus cúrsaí ag feabhsú. Roinneadh torthaí ár gclár taighde a roinnt go forleathan leis na páirtithe leasmhara. Cuid de na príomhthorthaí:

- tá an fonn bunúsach sa taisteal ann i gcónaí;
- is dócha gurb iad na margaí is gaire do bhaile is túisce a bhiseoidh;
- is téama athfhillteach é an 'ath-theagmháil fholláin'; agus
- is é is dóichí gurb iad na cuairteanna ar chairde agus gaolta, agus ar chinn scríbe aitheanta, a chuirfear san áireamh ar dtús.

**Glasú Domhanda Lá Fhéile Pádraig**

In ainneoin dúshlán domhanda COVID-19 i mí Mhárta, bhí fonn ar lucht tacaíochta na hÉireann dul ar aghaidh leis an nGlasú Domhanda - le Lá Fhéile Pádraig a chomóradh agus Éire a choinneáil chun tosaigh ar bhealach dearfach. Ghlac timpeall 430 foirgneamh agus sainchomharthaí aitheanta in 59 tír páirt i dtogra Glasú Domhanda Thurasóireacht Éireann 2020. Bhí sé mar aidhm againn dóchas dearfach a thabhairt don 70+ milliún duine ar fud an domhain a mhaíonn go bhfuil naisc acu le hoileán na hÉireann, agus do lucht gairme taistil agus turasóireachta thar lear agus sa bhaile a chuireann oileán na hÉireann chun cinn mar cheann scríbe turasóireachta.

**'Na Soilse a Choinneáil ar Lasadh'**

Ó mhí Mhárta ar aghaidh, cuireadh an chuid is mó de ghníomhaíocht fógraíochta Thurasóireacht Éireann ar fionraí, lena n-áirítear fógraíocht, misin dhíolacháin, comh-mhargaíocht, urraíocht agus fógarfhocail.  Mar sin féin, bhí foirne Thurasóireacht Éireann ar fud an domhain páirteach i gclár leitheadach de ghníomhaíocht fógraíochta, neamh-íoctha den chuid is mó, i rith 2020 d'fhonn oileán na hÉireann a choinneáil chun tosaigh in intinn na dtaistealaithe idirnáisiúnta. Bhí sé seo bunaithe ar an tuiscint go dtagann brandaí a choinníonn leibhéal áirithe de thógáil bhranda ar bun le linn cúlú eacnamaíochta nó eile ar ais níos láidre ná brandaí a bhíonn ina dtost le linn na tréimhse céanna. Bhí sé mar aidhm againn 'na soilse a choinneáil ar lasadh' d'Éirinn le cinntiú go mbeidh muid in ann tosú láithreach ar ghnó a chruthú do oibritheoirí turasóireachta ar fud oileán na hÉireann nuair a bheadh an t-am cuí ann. Léiríonn ár dtaighde go bhfuil tomhaltóirí ag smaoineamh anois ar cá rachaidh siad ar a gcéad turas iar-phaindéime agus mar sin tá sé fíorthábhachtach Éire a choinneáil 'beo' sa chomhthéacs sin, d'fhonn téarnamh ár dtionscail a chinntiú. Is é ár dteachtaireacht ná gur áit shábháilte iontach é oileán na hÉireann le teacht ar cuairt - le cuid mhór spáis oscailte, cósta gan cháim agus tírdhreacha thar na bearta, chomh maith le fáilte chroíúil, cultúr saibhir agus bia áitiúil den scoth.

Cuid de bhuaicphointí ár gclár gníomhaíochta chun 'na soilse a choinneáil ar lasadh in Éirinn':

**An feachtas sóisialta #FillYourHeartWithIreland**

I mí Aibreáin 2020, chuir muid tús le feachtas nua ar na meáin shóisialta leis an haischlib #FillYourHeartWithIreland. Bhí sé d'aidhm againn an chuid is fearr d'oileán na hÉireann a chur ar scáileán na ndaoine sa tréimhse deacair seo. Roinn muid ábhar spreagúil faoi Éirinn lenár milliúin de lucht leanúna ar na cainéil shóisialta - lena n-áirítear Facebook, Instagram, YouTube agus Twitter. Bhain ár dtionscal agus ár gcomhpháirtithe trádála úsáid as an ábhar a cruthaíodh don bhfeachtas seo ina gcumarsáid le tomhaltóirí chomh maith. Roinn muid an t-ábhar le bunachar sonraí d'iriseoirí taistil agus slí mhaireachtála idirnáisiúnta, a bhí ag iarraidh teacht ar smaointe iontacha don 'taisteal sa chathaoir uillinn'.

Faoi dheireadh na bliana, bhí rannpháirtíocht den scoth bainte amach lenár lucht leanúna. Bhí 541 deis taispeána seachadta ar ár gcainéil ar Facebook, le timpeall 37 milliún dearcadh agus

6.5 milliún idirghabháil. Bhí 183,000 idirghabháil ar Twitter, agus 6.2 milliún idirghabháil agus 6 mhilliún 'is maith liom' ar chainéil Thurasóireacht Éireann ar Instagram. Bhí méadú +39% ar leibhéil idirghabhála ar ár gcainéil ar Facebook i gcomparáid leis an tréimhse céanna in 2019. Chabhraigh an feachtas le nochtadh dearfach a chruthú d'oileán na hÉireann sna meáin idirnáisiúnta a raibh luach beagnach €166/£149.4 milliún aige in EAV (i luach coibhéiseach fógraíochta).

Le rollú amach an fheachtais #FillYourHeartWithIreland bhí sé d'aidhm againn ár 'sciar den ghuth' i margaí thar lear a chothabháil le linn na paindéime. Bhí an ghníomhaíocht dírithe ar úsáid mhéadaithe inneachair ar líne le linn na paindéime i measc tomhaltóirí le hábhar siamsúil, spreagúil agus spéisiúil a thabhairt chucu as oileán na hÉireann.

**Turasóireacht Scáileán**
I mí Aibreáin chonaic na milliúin daoine ar fud na Breataine agus na Stáit aontaithe an leagan teilifíse d'úrscéal Sally Rooney, *Normal People*, a craoladh ar an BBC agus ar an ardán sruthaithe Hulu. I gcomhar leis an gcuideachta léiriúcháin Element Pictures, chruthaigh Turasóireacht Éireann scannán gearr cúl stáitse ina ndéanann an stiúrthóir Lenny Abrahamson, an léiritheoir Catherine Magee agus an t-aisteoir Daisy Edgar-Jones cur síos agus moladh ar na suímh ar leith a roghnaíodh don scannánaíocht. Roinneadh an scannán le lucht leanúna Thurasóireacht Éireann ar na hardáin shóisialta sa Bhreatain, i SAM agus i gCeanada.

Bhí Tuaisceart Éireann le feiceáil ar fud an domhain i mí Mheithimh, i leagan scannáin de shraith fantaisíochta Eoin Colfer *Artemis Fowl*, ar sheirbhís sruthaithe ar líne Disney+. Bhí cuid de scannánú *Artemis Fowl* déanta ar Chósta Chlochán an Aifir i 2018. Mar cheiliúradh ar cheangal an scannáin le Tuaisceart Éireann, chuaigh Turasóireacht Éireann i gcomhar le Disney le físeán gearr fógraíochta a dhéanamh ina dtaispeántar cuid de na suímh a úsáideadh le linn na scannánaíochta anseo, lena n-áirítear Caisleán Dún Libhse agus Trá na Carraige Báine i bPort Rois. Sa bhfíseán, taispeánadh radhairc de Chósta Chlochán an Aifir ón aer, le Teampall Mussenden, Clochán an Aifir agus droichead rópa Charraig a'Ráid; agus labhair Kenneth Branagh, an stiúrthóir a rugadh i mBéal Feirste, faoi thábhacht Thuaisceart Éireann mar shuíomh scannánaíochta.

**Feachtas tiomnaithe le haghaidh Tuaisceart Éireann sa Bhreatain**
I Lúnasa agus Meán Fómhair 2020, thionscain Turasóireacht Éireann feachtas tiomnaithe le Tuaisceart Éireann a chur chun cinn sa Bhreatain ag cur Tuaisceart Éireann i láthair mar ionad saoire baile oiriúnach do thaistealaithe ón mBreatain. Reáchtáladh gníomhaíocht uile an fheachtais faoin mana: *Northern Ireland – Embrace a Giant Spirit.* Bhí poiblíocht leitheadach i gceist sa chlár gníomhaíochta, i gcomhpháirtíocht mheáin le *The Guardian* a shroich timpeall 6.4 milliún duine fásta ar fud na Breataine, fógraí clóite agus fógarfhocail faoi Thuaisceart Éireann i nuachtáin na hAlban, chomh maith le margaíocht sna meáin shóisialta agus ar ríomhphost. De bharr méadú i líon na gcásanna COVID-19 agus srianta níos déine i bpáirteanna áirithe den Bhreatain, chinn Turasóireacht Éireann an feachtas seo a chur ar fionraí ar an 18 Meán Fómhair.

**Feachtas #IrelandHomeOfHalloween**
I mí Dheireadh Fómhair, chuir Turasóireacht Éireann tús le feachtas mór caidreamh poiblí agus poiblíochta chuig iriseoirí móra taistil agus slí mhaireachtála ar fud an domhain, le cur in iúl gur ar oileán na hÉireann a thosaigh cuid mhaith de na traidisiúin a bhaineann le hOíche Shamhna. Bhí sé d'aidhm againn a chinntiú go mbeadh oileán na hÉireann san áireamh sa chomhrá faoi Oíche Shamhna agus muid ag druidim leis an 31 Deireadh Fómhair.

**Deiseanna ard-phróifíle craoltóireachta agus poiblíochta**
Cé gur seachnaíodh aon teachtaireacht gur cheart teacht anseo anois, thug Turasóireacht Éireann tacaíocht do dheiseanna craoltóireachta agus poiblíochta ard-phróifíle in 2020, le hiriseoirí taistil agus stíl mhaireachtála a bhfuil tionchar acu a spreagadh chun labhairt faoi oileán na hÉireann - le meabhrú do chuairteoirí ionchasacha go raibh rudaí iontacha le feiceáil

agus le déanamh anseo. I measc na ngníomhaíochtaí rinneadh ábhar a bhí ann cheana a dháileadh agus a chraoladh ar chláir mhóréilimh teilifíse.

**Obair leanúnach leis an tionscal turasóireachta thar lear**
I rith na bliana 2020 d'fhan clár cumarsáide Thurasóireacht Éireann ar an láthair i ngach ceann dár margaí lenár gcomhpháirtithe trádála agus rochtana taistil ar an talamh - le hiad a chur ar suaimhneas agus a gceisteanna a fhreagairt. I gcomhar le Tourism NI agus Fáilte Éireann thiomsaigh Turasóireacht Éireann clár de sheimineáir rialta ar líne chomhlachtaí taistil thar lear. Bhí sé i gceist a thaispeáint conas a bheadh an t-eispéireas ar an talamh anseo dá gcliaint - nuair a bheadh an t-am ceart ann le taisteal anseo arís. I measc na n-ábhar a pléadh bhí na cairteacha nua sábháilteachta sa dá dhlínse, i gcóiríocht agus i dtaitneamhachtaí cuairteoirí, agus bhí seimineár gréasán ar leith ann le haghaidh 'Embrace a Giant Spirit'. Reáchtáladh na seimineáir ar líne seo i mBéarla agus ghlac níos mó ná 200 comhlacht taistil páirt iontu; bhí leagain Ghearmáinise, Fraincise agus Spáinnise ann chomh maith.

**Tacaíocht dár gcomhpháirtithe tionscail ag ócáidí fógraíochta trádála thar lear**
Mar chuid dár straitéis chun cabhrú le gnólachtaí turasóireachta as oileán na hÉireann ar fad filleadh ar an margadh idirnáisiúnta, ghlac Turasóireacht Éireann páirt in imeachtaí éagsúla fógraíochta trádála ar fud an domhain, sa dara leath de 2020. Den chéad uair riamh, ba ócáidí fíorúla iad formhór na n-imeachtaí fógraíochta seo, lena n-áirítear An Margadh Taistil Domhanda. Ar an iomlán, tugadh 36 deis do 550 comhpháirtí sa tionscal turasóireachta as gach cearn d'oileán na hÉireann bualadh le timpeall 10,000 duine tábhachtach sa ghnó taistil. Ní raibh aon táille le híoc ag comhpháirtithe turasóireachta le bheith rannpháirteach, agus chlúdaigh Turasóireacht Éireann na costais tríú páirtí go léir. Bhí sé d'aidhm againn tacú lenár gcomhpháirtithe i dtionscal na turasóireachta lena ngnó idirnáisiúnta a fháil ar ais.

**Creat don Téarnamh: ATOSÚ, ATÓGÁIL, ATHDHEARADH**
D'aithin Turasóireacht go raibh trí théama tábhachta ann ar ghá tabhairt fúthu don téarnamh. Is iad seo:

- An tomhaltóir a spreagadh chun taistil: cabhrú linn a aithint cathain a bheidh na tomhaltóirí réidh chun smaoineamh ar dhul ar saoire arís agus cad na margaí ina mbeadh na hionchais ghearrthéarmacha is fearr.
- Athbhunú rochtana: tá tionscal na n-aerlínte go háirithe tar éis fulaingt go mór ón ngéarchéim. Tá oileán na hÉireann anois i staid iomaíoch le haghaidh aer-bhealaí, gan aon bharántas faoi cad iad na bealaí a bheidh ag feidhmiú. Beidh tacaíocht ag teastáil chun éileamh a thógáil agus inmharthanacht na mbealaí nua agus na mbealaí atá ann cheana a mhéadú.
- Tionscal láidir mealltach idirnáisiúnta a bhunú: tá ár gcomhpháirtithe taistil thar lear ag tacú go láidir le hoileán na hÉireann le fada; ach tá leibhéil iomaíocht níos airde ná riamh againn anois ó chinn scríbe ar fud an domhain. Tá na caidrimh den scoth atá ag Turasóireacht Éireann leis an tionscal idirnáisiúnta taistil ríthábhachtach don rath leanúnach.

D'fhonn tacú leis na téamaí seo, bhunaigh Turasóireacht Éireann creat téarnaimh. Plean trí chéim atá ann le héileamh A ATOSÚ, A ATÓGÁIL agus sa deireadh A ATHDHEARADH. Go dtí gur thosaigh an fhógraíocht taistil arís, bhí Turasóireacht Éireann dírithe ar na coinníollacha a chruthú chun ATOSÚ éifeachtúil a dhéanamh ar an tionscal agus teacht slán ón ghéarchéim. Leanadh ar aghaidh le gníomhaíocht le béim a chur ar oileán na hÉireann trí fheachtais éifeachtúla dhigiteacha agus ar na meáin shóisialta, le tacaíocht ó ghníomhaíocht nuálach fógraíochta agus sa ghnó taistil. Tá muid ag leanúint ar aghaidh lenár gclár leitheadach taighde.

**Athfhorbairt ar Ireland.com, Cumas Margaíochta Digiteach nua agus na Meáin Shóisialta**

Leanadh ar aghaidh le hathdhearadh suntasach ar Ireland.com agus ar ár gcumas margaíochta digiteach i rith 2020. Tá an Ireland.com nua beo anois; is cuid bhunúsach é d'athspreagadh na rathúlachta. Níl ann ach athdhearadh ar shuíomh gréasáin, ach is uasghrádú bunúsach é ar ár gcumas teicneolaíoch margaíochta. Beidh Ireland.com comhtháite inár mbonneagar nua teicneolaíoch margaíochta atá deartha chun cumarsáid phearsantaithe dhigiteach a chumasú. is féidir díriú anois ar gach cuairteoir ionchasach leis na teachtaireachtaí fógraíochta is ábhartha, ar na cainéil is éifeachtúla ar na meáin, ag an am is oiriúnaí ar mhaithe leis an bhfonn a bheadh orthu saoire a chaitheamh anseo a mhéadú.

Mhéadaigh Turasóireacht Éireann a láithreacht ar líne go leanúnach, le 4.6 milliún de lucht leanúna ar Facebook faoi dheireadh na bliana. Agus seo á scríobh, is í an eagraíocht an ceathrú bord turasóireachta is mó éilimh ar domhan ar Facebook, uimhir a ceathair ar Twitter agus uimhir a trí ar YouTube.

### Rochtain

Chlis ar an eitlíocht go tubaisteach mar gheall ar an ngéarchéim. I samhradh na bliana 2019, bhí os cionn 617,000 suíochán sceidealta, díreach, aon-treo ar fáil ar eitleáin gach seachtain chuig oileán na hÉireann. Nuair a bhris an phaindéim amach i ngach ball, chlis ar thionscal na n-aerlínte ar fud an domhain. Ó dheireadh Mhárta 2020, tháinig thit líon na bpaisinéirí go tubaisteach sna haerlínte, agus ghearr na haerlínte a n-acmhainn iompair agus a gcuid bealaí le súil le hairgead a shábháil, agus tionchar iomlán na dianghlasála agus na srianta taistil le brath. Faoi mhí Aibreán bhí an taisteal go hÉirinn agus go Tuaisceart Éireann dáiríre ina stad. Measadh gur naisc riachtanacha iad an méid seirbhísí aeir a bhí fágtha agus/nó bhí siad á bhfeidhmiú don chuid is mó le haghaidh seirbhísí lastais. De réir mar a mhoilligh na cásanna an samhradh seo caite in Éirinn cuireadh an toirmisc ar ceal i dTuaisceart Éireann, agus bhí méadú beag ar acmhainn aeir.

Mar oileán, ní féidir róbhéim a chur ar thábhacht eitiltí áisiúla, díreacha gan stad - tá siad ríthábhachtach d'fhás na turasóireachta isteach. Is údar mór imní é an nascacht idirnáisiúnta aeir a chailliúint agus beidh tionchar dochrach aige ar ár dtionscal mura dtagann sé ar ais.

### Breatimeacht/ Imeacht as an AE

Go dtí gur bhris COVID-19 amach, ba é an Breatimeacht an chúis neamhchinnteachta ba mhó don turasóireacht ar oileán na hÉireann. Ó vótáil an RA imeacht as an AE in 2016, tá an Breatimeacht ina chúinse mór i bpleanáil Thurasóireacht Éireann, go háirithe mar gheall ar thábhacht na Breataine mar mhargadh foinse don turasóireacht agus an cion tairbhe a dhéanann sé do chuspóirí réigiúnacha agus leathadh séasúrach araon. Tá súil á choinneáil ag Turasóireacht Éireann ar thionchar chinneadh na RA imeacht as an AE ó 2016 i leith. Ghlac muid céimeanna áirithe, atá á nglacadh i gcónaí againn, le faire ar an gcás, le muinín a chothabháil i measc ár gcomhpháirtithe sa Bhreatain, ar mhór-roinn na hEorpa agus sa bhaile, agus le cinntiú go mbeidh muid réidh le dul i ngleic leis na himpleachtaí.

### Inbhuanaitheacht Chomhshaoil, Shóisialta agus Rialachais

*Turasóireacht a thugann aird iomlán ar a thionchair eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil reatha agus sa todhchaí, agus a fhreastalaíonn ar riachtanais na gcuairteoirí, an tionscail, an chomhshaoil agus na bpobal óstach.*

### Cúlra

Téann tionchar sóisialta Thurasóireacht Éireann níos faide ná cion tairbhe díreach intomhaiste mhargaíocht oileán na hÉireann thar lear. Cé go raibh muid rannpháirteach i bhFreagracht Shóisialta Chorparáideach (CSR) cheana agus go bhfuil seicliosta CSR againn le monatóireacht a dhéanamh ar ár ndul chun cinn, tá sé ar intinn againn anois díriú ar an inmharthanacht, le caighdeáin fheabhsaithe Comhshaoil, Shóisialta agus Rialachais (ESG).

Le blianta beaga anuas, tá ath-mheasúnú á dhéanamh againn ar ár ról san inbhuanaitheacht. Ghlac muid le pacáiste de Phrionsabail Margaíochta Inbhuanaithe do Chinn Scríbe in 2018, le hiarracht ár ngníomhaíocht margaíochta a ailíniú le patrúin éilimh na turasóireachta. Cuireadh níos mó béime ar dháileadh réigiúnach, ar dháileadh séasúrach agus ar ionaid taitneamhachta nach dtugtar mórán cuairte orthu a chur chun cinn. Thiomsaigh muid athbhreithniú ar shuímh ár n-oifigí go léir chomh maith agus ar na cleachtais chomhshaoil atá ar bun i ngach ceann acu, d'fhonn ár ndintiúir inbhuanaitheachta a bhunú agus a fheabhsú. Is mian le Turasóireacht Éireann dul níos faide ná na céimeanna tosaigh seo agus plean gnímh intomhaiste a chruthú do ghníomhaíocht na cuideachta ar mhaithe lenár gcaighdeáin a fheabhsú. Áireofar sa phlean gníomhartha lenár dtuiscint ar inbhuanaitheacht a mhéadú, agus cad a chiallaíonn sé don tomhaltóir, leis an inbhuanaitheacht a ghníomhachtú i dTurasóireacht Éireann agus inár gcumarsáid margaíochta agus le comhoibriú ar an gclár oibre inbhuanaitheachta a chur chun cinn lenár gcomhghníomhaireachtaí agus lenár ranna urraíochta.

Mar atá ráite cheana, bhí tionchar tubaisteach ag COVID-19 agus tugaimid tús áite dár bhfreagairt don ghéarchéim seo. Chomh maith le creat téarnaimh a bhunú, tá muid ag obair chomh maith le plean soiléir a chruthú le haghaidh téarnaimh na turasóireachta isteach go hoileán na hÉireann sa bhfadtéarma. Is cuid bhunúsach d'fhás ghnó na turasóireachta ar oileán na hÉireann iad ár bpáirtithe leasmhara, idir thionscal na turasóireachta agus na turasóirí féin. Tá iomaíocht fhíor-ghéar sa turasóireacht idirnáisiúnta agus mura mbíonn an pacáiste is tarraingtí againn, tabharfaidh na turasóireacht a ngnó d'áiteanna eile.

Tá oiliúint san inbhuanaitheacht déanta ag an mBord agus ag Foireann Ardbhainistíochta Thurasóireacht Éireann agus tá glactha acu le sainmhíniú Eagraíocht Turasóireachta Domhanda na Náisiún Aontaithe ar an turasóireacht inbhuanaithe .i. "Turasóireacht a chuireann san áireamh a tionchair eacnamaíochta, shóisialta, agus chomhshaoil reatha agus sa todhchaí, agus a fhreastalaíonn ar riachtanais na gcuairteoirí, an tionscail, an chomhshaoil agus na bpobal óstacha.".

Aithníonn Turasóireacht Éireann na dualgais leathana atá uirthi i leith fostaithe, na sochaí agus an phobail a bhfuil sí ag freastal air agus creideann sí go bhfuil nasc láidir idir inbhuanaitheacht ESG agus an rath sa bhfad-téarma. Tacaíonn tograí chun ár gcuid oibre a dhéanamh níos inbhuanaithe le croí-luachanna Thurasóireacht Éireann agus doimhníonn siad iad - Meas, Cruthaitheacht, Comhoibriú agus Úinéireacht. Aithneoidh Turasóireacht Éireann Spriocanna na Náisiún Aontaithe um Fhorbairt Inbhuanaithe (SDG) agus cuirfear i bhfeidhm iad inár bpleanáil agus inár gníomhartha maidir le hinbhuanaitheacht.

**Inbhuanaitheacht Chomhshaoil: ag Díriú ar an Todhchaí**

Tá Turasóireacht Éireann tiomanta dár gcaighdeáin chomhshaoil inbhuanaitheachta a fheabhsú - laistigh den eagraíocht féin agus ar fud na hearnála go léir.

Mar shampla tá Turasóireacht Éireann i mbun gníomhartha éagsúla cheana féin i mBaile Átha Cliath le tionchar ár láthair oibre ar an gcomhshaol a theorannú. I measc na mbearta tá: An Scéim Rothaíochta chun Oibre, diúscairt dramhaíola comhshaoil, 'CupáinBhuana' don bhfoireann agus córas buidéil uisce in-athúsáide, dáileoirí plaisteacha uisce a bhaint amach as na hoifigí, gan lónadóireacht le mórán plaisteach a úsáid, athchúrsáil fhreagrach agus laghdú ar ábhar poiblíochta, trealamh fuinnimh le rátáil A a shuiteáil (lena n-áirítear TFC agus fearais), spreagadh na físchomhdhála chun taisteal neamhriachtanach a laghdú, braiteoirí gluaiseachta agus soilse éifeachtúla ó thaobh fuinnimh chun úsáid fuinnimh a laghdú, laghdú cuimsitheach ar ábhar clóbhuailte, monatóireacht ar mhíleáiste carnach na foirne, pointe luchtaithe d'fheithiclí leictreacha agus monatóireacht bhliantúil SEAI (Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann) ar úsáid fuinnimh.

Bhí Turasóireacht Éireann rannphháirteach sa ghrúpa oibre ar thurasóireacht inbhuanaithe faoi chathaoirleacht na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (An Roinn Turasóireachta,

Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán anois), inar sainaithníodh mar uaillmhian go mbeadh Éire i measc na gceannairí domhanda i gcleachtais inbhuanaithe turasóireachta. [1]

Ag amharc romhainn, tá Turasóireacht Éireann tiomanta do ghníomhú agus do cheannaireacht a léiriú. Tá tograí molta le tuiscint ár gcomhghleacaithe ar inbhuanaitheacht chomhshaoil agus a bhfeidhm ina gcuid oibre a mhéadú - lena n-áirítear seisiúin eolais inmheánacha agus treoir a fhorbairt maidir lena bhfeidhmiú ina gcuid oibre. Tosóimid chomh maith ar iompar freagrach a spreagadh ó chuairteoirí; mar shampla an geall cuairteora 'Ná fág aon Lorg".

D'fhonn ról leathan na gcaighdeán inbhuanaitheachta comhshaoil inár n-earnáil a mheas, déanfaidh Turasóireacht Éireann taighde i measc na dtomhaltóirí agus sa ghnó taistil, le tuiscintí a fháil ar thionchar na gcaighdeán seo ar iompar agus ar spreagadh na dturasóirí. Beidh straitéis ATHDHEARADH an Bhoird faoi threoir ag samhaltú maidir leis an rath a d'fhéadfadh a bheith ag an turasóireacht inbhuanaithe in oileán na hÉireann faoin mbliain 2030.

Beidh sé ar intinn againn díriú níos mó ar iompar agus ar thuairisceoireacht eagraíochtúil inbhuanaitheachta. Déanfaimid leasú ó bhonn ar ár bPrionsabail Margaíochta Ceann Scríbe Inbhuanaithe, mar chuspóir tábhachtach gnó inár bPleananna Gnó. Féachaimid chomh maith ar dheiseanna chun scrúdú a dhéanamh ar conas gnó a spreagadh thar lear chun tosaíocht a thabhairt do chuairteanna níos faide agus béim a chur ar tháirgí inbhuanaithe. Bainfimid leas as na deiseanna rannpháirtíochta a thugann ardáin hibrideacha trádála do ghnólachtaí beaga inbhuanaithe.

Tar éis COVID-19, agus ár bhfoireann ag filleadh ar ár n-oifigí, déanfaimid athbhreithniú ar bhearta inbhuanaitheachta comhshaoil agus sainaithneofar réimse feabhais. Déanfar an t-athbhreithniú seo i gcomhthéacs na n-athruithe i gcothromaíocht na hoibre ón mbaile agus na hoibre ón oifig.

**Inbhuanaitheacht Rialachais**: A chinntiú go bhfeidhmíonn muid de réir na gcaighdeán is airde is féidir
Glacann Turasóireacht Éireann leis na caighdeáin comhlíonta is airde i leith riachtanais reachtúla, ag feidhmiú de réir spiorad agus litir na rialachán sa dá dhlínse. Tá tacar luachanna curtha roimpi ag an eagraíocht a thugann aitheantas do leasanna a pháirtithe leasmhara go léir agus don gcion tairbhe atá á dhéanamh acu. Chun na críche sin, tá caighdeáin an-arda ionracais, rialachais chorparáideach agus fheasacht chomhshaoil againn. Aithnímid nach ionann a bheith inár saoránach maith corparáideach agus ár n-aidhmeanna gnó amháin a bhaint amach, ach go bhfuil baint aige le cion níos leithne a dhéanamh ar son leasa ár bpáirtithe leasmhara go léir.

Bíonn cruinnithe ráithiúla ag Foireann Ardbhainistíochta Thurasóireacht Éireann leis na ranna urraitheora le hathbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht ghnó agus ar rialachas. Bíonn cruinnithe ag an mbord ocht n-uaire sa bhliain ar a laghad le hathbhreithniú a dhéanamh ar thuarascálacha feidhmiúcháin, straitéise agus rialachais. Tá próisis láidre phoiblí ag Turasóireacht Éireann, tá pleananna Leanúnachas Gnó agus athbhreithnithe againn agus déanaimid monatóireacht leanúnach ar shlándáil TFC agus RGCS (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí).

Tá córas iniúchóireachta inmheánach láidir ag Turasóireacht Éireann le cinntiú go mbíonn na caighdeáin bainistíochta airgeadais is airde is féidir á gcothabháil againn. Déantar athbhreithniú ar anailís an riosca i rith na bliana agus formhuiníonn Coiste Iniúchóireachta agus Bainistiú Riosca na cuideachta é. Áirítear i gclár iniúchadh inmheánach na n-oibreacha obair mhionsonraithe iniúchadh feidhmíochta, tuarascáil a sholáthar ar ghníomhaíocht inmheánach iniúchta na Cuideachta ar bhonn rialta chuig an gCoiste Iniúchta agus Árachas

[1] https://assets.gov.ie/44791/d4cc61c233da4e179f4c8761136e1b25.pdf

Riosca agus tuairim neamhspleách maidir le leordhóthanacht agus éifeachtúlacht chóras rialú airgid inmheánach na Cuideachta.

**Rialachas**
Bhí naoi gcruinniú ag an mBord in 2020. Ní haon ionadh gurbh é COVID-19, agus a thionchar ar eacnamaíocht na turasóireachta, an t-ábhar is mó a bhí le plé ag an mBord i rith na bliana, chomh maith le freagairt Thurasóireacht Éireann don phaindéim agus na cinntí éagsúla a bhí le glacadh le déileáil leis an gcúinse eisceachtúil seo. I measc ábhair eile a pléadh i rith na bliana bhí faomhadh na ndréacht-chuntais reachtúla do 2019, faomhadh Phlean Gnó leasaithe 2020 agus faomhadh tairiscint taighde leibhéal AE. Fuarthas nuashonrú ar dhul chun cinn an Tascfhórsa Téarnaimh Eitlíochta agus an dá Thascfhórsa Turasóireachta. Cuireadh feachtas tiomnaithe do Thuaisceart Éireann sa Bhreatain i láthair, chomh maith le creat straitéiseach Thurasóireacht Éireann, ATOSÚ, ATÓGÁIL agus ATHDHEARADH. Phléigh an Bord ábhair a bhain le hinbhuanaitheacht chomh maith agus impleachtaí Breatimeachta 'gan socrú'.

Ar cruinniú Boird mhí Mhárta, chuir an Bord an chumhacht aturnae a tugadh do Shane Clarke, (Rúnaí na Cuideachta); Niall Gibbons, (Príomhfheidhmeannach); Christopher Brooke, (Stiúrthóir); agus Harry Connolly, (Stiúrthóir),i mí na Nollag 2019 d'fhonn feidhmiú leanúnach Thurasóireacht Éireann a chinntiú as feidhm, ach coinníodh í le haghaidh cuspóirí teagmhais. Fuarthas tuarascálacha ó na Coistí Iniúchóireachta agus Árachas Riosca agus Luach Saothair, agus ó Fhochoiste na gCostas Oibriúcháin, maidir le hábhair éagsúla.

**Inbhuanaitheacht Shóisialta: leas ár láthair oibre agus an phobail**
Tá Turasóireacht Éireann tiomnaithe do phlean a fhorbairt a dhéanfaidh ár láthair oibre níos inbhuanaithe agus a dhéanfaidh leas an phobail níos leithne ag an am céanna. Trí oibriú le caighdeáin inbhuanaitheachta shóisialta a ardú, is féidir linn cabhrú le pobail ar fud oileán na hÉireann leas níos cothroime a bhaint as an turasóireacht.

I mBaile Átha Cliath, déanann Turasóireacht Éireann teagmháil leis an phobal trí dheiseanna taithí oibre a thairiscint do dhaoine óga agus do mhic léinn. Bíonn bealaí cúitimh á lorg againn chomh maith: mar shampla, in 2020 thug muid tacaíocht do Fheidhmeannas na Seirbhísí Sláinte (FSS) trí lucht foirne agus acmhainní a sholáthar don iarracht rianú teagmhála COVID-19.

Tá sláinte agus folláine ár bhfostaithe ina thosaíocht againn. Aithnímid gur fearr a oibríonn daoine agus go mbíonn a bhfeidhmíocht níos airde agus níos inbhuanaithe nuair a bhíonn siad i ndea-shláinte agus nuair a mhothaíonn siad go bhfuil meas orthu. Tugann ár gcultúr, ár gceannaireacht agus an modh bainistíochta atá againn tacaíocht dó seo.

I mbliain inar cuireadh isteach go mór ar ár dtionscal, bhí baill foirne Thurasóireacht Éireann ag obair go dian leis 'na soilse a choinneáil ar lasadh' don earnáil. Mar a tharla in eagraíochtaí eile, bhí ar ár bhfoireann obair gan súil a bheith acu leis ón mbaile mar gheall ar COVID-19. D'fhonn tacú leo san am dúshlánach seo, chuireamar leis na tacaí a bhí ar fáil cheana féin trí Thurasóireacht Éireann. Rinne muid clár tacaí a fhorbairt inár láithreacha ar fud an domhain - lena n-áirítear 'Mol Folláine' ar inlíon inmheánach na foirne, a chuireann acmhainní agus tacaíocht luachmhar ar fáil don bhfoireann, ag amanna atá oiriúnach dóibh féin.

Mar chuid dár n-iarrachtaí chun ár gcumarsáid inmheánach a neartú, chuir Turasóireacht Éireann tús le físghlao seachtainiúil don bhfoireann go léir leis an bPríomhfheidhmeannach agus leis an Ardbhainistíocht. Cinntíonn an cruinniú seo timpeallacht oscailte dár láthair oibre. Tá clár roinnt eolais bunaithe againn chomh maith; spreagann sé seo comhghleacaithe le hoideachas a thabhairt dá chéile i gcroí-scileanna a róil, agus dá réir sin eolas eagraíochtúil gach ball den bhfoireann a fhairsingiú.

Táimid ag obair ar phlean 'oibre cumaiscthe' a fhorbairt le deis a thabhairt don bhfoireann obair ón mbaile, comaitéireacht a laghdú agus rochtain Thurasóireacht Éireann ar réimse níos ilghnéithí d'fhoireann ionchasach a mhéadú.

Tá meas againn i dTurasóireacht Éireann ar an saibhreas a thagann le hilchineálacht chun an láthair oibre do na daoine agus do na páirtithe leasmhara. Tá cúlraí an-éagsúla ag baill na foirne agus a luachanna agus a aitheantas uathúil féin ag gach duine, agus tá meas againn orthu dá réir. Cuireann Turasóireacht Éireann fáilte roimh an ilchineálacht ag gach leibhéal den eagraíocht; táimid tiomanta do thimpeallacht chuimsitheach, chomhchuí, chothrom a bhaint amach agus a sholáthar le fíordheiseanna agus comhdheiseanna do chách, gan imeaglú ná idirdhealú de chineál ar bith. Tá feasacht maidir le hilchineálacht agus ionchuimsiú san áireamh in oiliúint ionduchtaithe Thurasóireacht Éireann. Tá an ilchineálacht ina shnáithe i ngach próiseas atá ag Turasóireacht Éireann do dhaoine - lena n-áirítear earcaíocht, ionduchtú agus traenáil/oiliúint, agus sna luachanna eagraíochta a raibh cleachtadh forbartha againn ina leith don bhfoireann uile. Tá cur chuige comhtháite ag Turasóireacht Éireann i leith measa agus ionchuimsiú.

Tá sé d'aidhm againn cultúr a chothú a spreagann gach ball den bhfoireann lena c(h)umas iomlán a fhorbairt agus a chúitíonn iad ar son a ngnóthachtálacha. Le timpeallacht oibre ina bhfuil meas ar dhifríochtaí an duine aonair is féidir leis an bhfoireann uile a ndícheall a dhéanamh agus cabhraíonn sé linn freagairt ar bhealach níos éifeachtúla ar riachtanais na hearnála a bhfuil muid ag freastal uirthi. Is tosaíocht straitéiseach againn ár dtiomantas don oiliúint agus don fhorbairt.

Tugann muid aitheantas don ilchineálacht agus don ionchuimsiú inár gcumarsáid agus bíonn muid rannpháirteach i suirbhéanna ranna maidir le feidhmiú ár mbeartais ilchineálachta. Tá muid i gcónaí ag iarraidh teacht ar bhealaí chun ár gcur chuige i leith na hilchineálachta agus an ionchuimsithe a fhorbairt agus a fheabhsú.

Chomh maith le hinbhuanaitheacht shóisialta a bhaint amach sa láthair oibre, tá muid ag obair chomh maith le tacú le hearnáil níos inbhuanaithe. Agus scrios á dhéanamh ag COVID-19, d'aimsigh Turasóireacht Éireann bealaí nua le tacú lenár gcomhpháirtithe tionscail. Mar shampla, thionóil muid sraith seimineár gréasáin leis na tuiscintí is déanaí ónár gclár taighde COVID-19 a roinnt lenár gcomhpháirtithe turasóireachta. Cuireann na seimineáir ghréasáin seo an fhaisnéis is fearr is féidir ar fáil dár gcomhpháirtithe, rud atá ríthábhachtach don inbhuanaitheacht ghnó sa ré dhúshlánach seo.

Agus muid ag breathnú romhainn, tá sé beartaithe againn obair lenár gcomhpháirtithe sa tionscal le tosaíochtaí inbhuanaitheachta agus plean gníomhaíochta a bhunú dá réir. Leanfaimid ar aghaidh lenár n-idirghabháil leis na ranna a dhéanann urraíocht orainn maidir leis an inbhuanaitheacht a chur chun cinn ina ndlínsí; agus déanfaimid iarracht fóraim nua a bhunú le hoibriú ar bhonn trí ghníomhaireachta chun iad seo a sheachadadh. Tá Turasóireacht Éireann tiomanta do inbhuanaitheacht na hearnála a chur chun cinn d'fhonn cion na turasóireachta i leith cháilíocht na beatha, na heacnamaíochta, na fostaíochta agus na bpobal áitiúla a uasmhéadú.

**Buíochas**
Táimid fíorbhuíoch as an tacaíocht leanúnach a fhaigheann Turasóireacht Éireann ón dá dhlínse ar an oileán agus ónár n-airí Shane Ross TD, Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, agus Brendan Griffin TD, Aire Stáit Turasóireachta agus Spóirt; Catherine Martin TD, Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon Gaeltachta, Spóirt agus Meán; agus Diane Dodds MLA, Aire Eacnamaíochta. Táimid buíoch freisin do na hoifigigh sa dá roinn agus dóibh sin i gComhairle na hairí Thuaidh/Theas agus as an tacaíocht agus don chomhairle a thugann siad i gcónaí.

Sa bhliain ba dheacra agus ba dhúshlánaí, ba mhaith linn chomh maith ár mbuíochas a thabhairt dár gcomhpháirtithe sa tionscadal turasóireachta ar fud an oileáin, a lean ar aghaidh

ag obair linn le haird lucht ionchais saoire ar fud an domhain a dhíriú ar an eispéireas turasóireachta ar oileán na hÉireann. Ár mbuíochas fosta do bhaill an Ghrúpa Lárnach Comhpháirtíocht Mhargaíochta agus do bhaill na nGrúpaí Comhpháirtíocht Mhargaíochta thar lear, a bhí chomh fial lena gcuid ama agus iad ag obair linn.

Is luachmhar an comhoibriú a fhaighimid go leanúnach ónár gcomhghleacaithe i Fáilte Éireann agus i Tourism NI, ó Chónaidhm Tionscal Turasóireachta na hÉireann, agus ó Chomhaontas Turasóireachta Thuaisceart Éireann i ngach gné dár gcuid oibre. D'oibrigh foireann Thurasóireacht Éireann go dícheallach sa bhaile agus i gcéin chun íomhá dhearfa d'oileán na hÉireann a chur chun cinn le linn na paindéime. Táimid an-bhródúil i gcónaí as a ndílseacht, a dtiomantas, a gcuid fuinnimh agus a nuáil agus iad ag obair ar son an tionscail.

**Ag Breathnú Romhainn**

Gan aon amhras, is géarchéim gan fasach é an COVID-19 agus táimid fós ag obair go dian lenár mbealach a dhéanamh i dtimpeallacht trádála ar dócha gurb é an ceann is deacra ina raibh muid riamh.

Leis an nuacht maidir le vacsaín a dháileadh amach i mí na Nollag 2020, bhíothas ag súil le téarnamh agus athbheochan sa chéad leath de 2021. Ach tháinig an tríú ráig den phaindéim, agus tréithchineálacha nua nimhneacha den víreas, a spreag bearta srianta sláinte poiblí níos déine - ionas nár ceadaíodh ach taisteal riachtanach sa chéad leath de 2021, rud a chuir go mór le deacrachtaí na ngnónna turasóireachta ar fud an oileáin.

Agus seo á scríobh, feicimid go bhfuil taisteal siamsaíochta isteach ag atosú. Tá a lán neamhchinnteachta ann agus amhrais ann fós áfach maidir le taisteal. Tá barr feabhais curtha againn ar ár bpleananna téarnaimh le linn na géarchéime; ach beidh gá i gcónaí le solúbthacht agus le lúfaireacht inár gcuid oibre le linn an téarnaimh. Tá Turasóireacht Éireann tiomanta don obair leis na páirtithe leasmhara go léir d'fhonn tacú leis an téarnamh. Tá an téarnamh inmharthana ina aidhm choitianta againn go léir. Beidh Turasóireacht Éireann ag díriú ar thacú le hinmharthanacht eacnamaíoch ár n-earnála sa chéad ásc, agus tuiscint againn ar ár ndualgas fad-téarmach i leith na bpobal agus an chomhshaoil.

Is eol dúinn go bhfuil a lán iomaíochta sa mhargadh idirnáisiúnta; tá COVID-19 tar éis cur isteach go mór ar gach ceann scríbe ar fud an domhain agus beidh a sciar féin den téarnamh á lorg acu. Beidh ar Thurasóireacht Éireann teacht chun tosaigh tríd an gleo agus fonn cuairte a chruthú láithreach. Agus an turasóireacht idirnáisiúnta ag atosú, beimid ag obair ar ár ndícheall lenár gcomhpháirtithe go léir, d'fhonn an oiread den ghnó agus is féidir a athbhunú.

**Joan O'Shaughnessy**
*Cathaoirleach*

**Niall Gibbons**
*Príomhfheidhmeannach*

**Bord Thurasóireacht Éireann**

Joan O'Shaughnessy **Cathaoirleach**
Christopher Brooke, **Leas-Chathaoirleach**

CATHAOIRLEACH
Tá **Joan O'Shaughnessy** ina ceannaire agus ina hionadaí don tionscal seirbhíse le 39 mbliana anuas. Go dtí gur éirí sí as i mí Mheithimh 2012, bhí June ina POF ar ARAMARK, post a bhí aici ar feadh níos mó ná 12 bliain. I rith an ama sin, neartaigh sí eagraíocht Aramark trí chumaisc agus éadálacha go dtí go raibh sé ar cheann de na cuideachta ilnáisiúnta Meiriceánacha is mó in Éirinn, agus níos mó ná 4,000 duine fostaithe ar fud na tíre. Is meantóir gnó í Joan faoi láthair do chuideachtaí nuathionscanta agus d'fhiontrálaithe óga. Is ball í den Institute of Directors, Irish Hospitality Institute agus Skål Ireland.

LEAS-CHATHAOIRLEACH
Tá Christopher Brooke ag obair sa tionscal slándála le blianta fada, deich mbliana díobh mar chomhairleoir slándála leis an Oifig Ríoga i Muscat, Sabhdánacht Ómain. Sa bhliain 1990, tháinig sé ar ais go Tuaisceart Éireann le hEastát Chaisleán Galgorm a fhorbairt. Tá coimpléasc curaidh gailf ar an eastát, a rinne óstáil ar naoi n-imeacht de chuid Turas na hEorpa, lena n-áirítear Comórtas Oscailte Thuaisceart Éireann, an ISPS Handa World Invitational agus an Dubai Duty Free Irish Open. Tá ionad gairdín, páirceanna gnó agus áis chomhdhála agus imeachtaí in Galgorm chomh maith, a mheallann níos mó ná 400,000 cuairteoir sa bhliain i gcomhar leis an gcoimpléasc gailf. I measc nithe eile tá spéis ag Christopher i bhforbairt na cóiríochta agus saoráidí eile do thurasóirí ar eastáit Ashbrooke agus Colebrooke. Tá sé ina Leas-Leifteanaint ar Chontae Aontroma agus ina Leas-Uachtarán ar an RNLI.

Tá os cionn 30 bliain caite ag **Ruth Andrews** ag obair sa turasóireacht in Éirinn. Chuir sí tús lena saol gairmiúil i lár na n-ochtóidí, ag obair i gcuid de na slabhraí óstán ba mhó in Éirinn ag an am - Óstáin Doyle agus Grúpa Óstán an Bhóthar Iarrainn. Bhunaigh sí a seirbhís chomhairleoireachta margaíochta/díolacháin féin sna nóchaidí déanacha, le cumarsáid margaíochta, cóitseáil agus meantóireacht chomh maith le saineolas forbartha gnó a sholáthar do réimse leathan gnólachtaí i dtionscal turasóireachta na hÉireann. Tá Ruth ina Príomhfheidhmeannach ar an ITOA (Incoming Tour Operators Association), ó 2006 i leith. Sa bhliain 2017, ceapadh í ina Comhairleoir Speisialta do AVEA (the Association of Visitor Experience and Attractions), chun an cumann a bhunú; déanann sí bainistiú anois ar fheidhm fheidhmeannach na heagraíochta. Tá sí ina cathaoirleach faoi láthair ar ITIC, Cónaidhm Tionscal Turasóireachta na hÉireann. I mí Bhealtaine 2020, ceapadh Ruth ina Cathaoirleach ar an Tascfhórsa Téarnaimh Turasóireachta (TRT), le maoirsiú a dhéanamh ar théarnamh cuimsitheach ina ndéanfar aidhmeanna tosaíochta, príomh-áisitheoirí agus deiseanna margaidh a aithint le téarnamh an tionscail ó thionchar diachrach COVID-19 a thiomáint don tréimhse 2020-2023. Tá sí ag freastal anois ar Ghrúpa Maoirseachta Téarnaimh an TRT.

Is céimí i mbainistíocht fáilteachais é **Trevor Clarke** as Ollscoil Uladh. Tá 25 bliain caite aige ag obair sa tionscal fáilteachais, 20 díobh i bpoist éagsúla in Óstán Magherabuoy i bPort Rois, mar chomhpháirtí-oibritheoir le déanaí. Bhí Trevor ina bhall de Ghrúpa Athbheochana Phort Rois ; agus d'fhreastail sé ar Choimisiún Cuain Chúil Raithin agus mar ionadaí ar choiste comhairleach áitiúil an Honourable The Irish Society. Bhí sé ina chomhalta tofa ar Chomhairle Bardais Chósta Chlochán an Aifir agus na nGleann ó 2014 go 2019. Tá spéis ar leith aige i bhforbairt na turasóireachta ar Chósta an Aifir agus sa chumas atá sa tionscal athbheochan, fás eacnamaíoch agus rathúnas a chur chun cinn.

Tá **Harry Connolly** ina Stiúrthóir ar Fáilte Feirste Thiar, gníomhaireacht forbartha turasóireachta áitiúil a dhéanann forbairt ar thurasóireacht in Iarthar Bhéal Feirste agus ar bhonneagar inbhuanaithe turasóireachta. Sular thosaigh sé ag obair i bhforbairt na turasóireachta, bhí Harry ag obair ar feadh roinnt blianta i gcúrsaí óige, spóirt agus forbairt

phobail i mórcheantar Bhéal Feirste. Bhí sé tráth ina Leas-Chathaoirleach ar Chomhpháirtíocht Póilíneachta agus Sábháilteacht Phobail Iarthar Bhéal Feirste (DPCSP), agus ina chomhalta ar Bhord Visit Belfast. Tá sé ina Leaschathaoirleach ar Fhéile an Phobail, an fhéile ealaíne pobail is mó in Éirinn. Mar chomhbhunaitheoir Áras Uí Chonghaile, threoraigh Harry forbairt an tionscadail nuálaí seo. Thapaigh Harry an deis a bhronn an tsíocháin chun táirge turasóireachta Iarthar Bhéal Feirste agus a bhonneagar a fhorbairt, ag tacú le gnólachtaí agus fiontair shóisialta a bhaineann le turasóireacht, ag cur athbheochan shóisialta agus eacnamaíochta áitiúil chun cinn trí fhorbairt gnónna beaga agus ag cur na turasóireachta agus an spóirt chun cinn mar shamhail chun síocháin agus athmhuintearas a sheachadadh.

Tá **Joe Dolan** ina úinéir agus ina Stiúrthóir Bainistíochta ar Óstán Bush i gCora Droma Rúisc, óstán oidhreachta 'boutique' de mheánmhéid agus de mheán-raon; tá baint aige leis an turasóireacht i Liatroim le fada agus bronnadh Pearsa Liatroma na Bliana air cheana. Is céimí é de chuid OÉ Gaillimh agus tá PhD aige ó Ollscoil na Banríona, Béal Feirste agus Dioplóma i Straitéis Turasóireachta ó Ollscoil Stáit Cornell. Bhí sé ina Chathaoirleach ar Thurasóireacht Liatroma, ina Stiúrthóir ar Thurasóireacht an Iarthuaiscirt, ina Uachtarán ar Chónaidhm Óstáin na hÉireann agus ina bhall den Údarás Náisiúnta Turasóireachta, Fáilte Éireann. Tá sé paiseanta faoi fhorbairt chothrom réigiúnach agus tuaithe, go háirithe trí thurasóireacht inbhuanaithe; agus faoi fhad a chur leis an séasúr, go háirithe lasmuigh de cheantair uirbeacha. Ar ardán níos leithne, tá taithí aige ó ghnólachtaí eile (miondíol, lónadóireacht ar conradh, tógáil, forbairt réadmhaoine, bainistíocht agus comhairleacht) i bpleanáil straitéiseach, airgeadas, anailís ghnó agus forbairt.

Is treoraí domhanda sna meáin dhigiteacha í **Nóirín Hegarty**. Bhí sí i gceannas ar scéalaíocht dhigiteach mar Leas-Uachtarán ar Lonely Planet le dhá bhliain anuas. Bhí sí ina ball den bhfoireann sinsearach ceannais i mbranda tosaigh meáin taistil an domhain ar feadh sé bliana agus tháinig sí abhaile as Londain lena n-oifig nua a oscailt i mBaile Átha Cliath in 2015. Tá sí ina cathaoirleach ar Ghrúpa Maoirseachta Téarnaimh na hÉireann don turasóireacht agus is eagarthóir agus tráchtaire í le taithí ar an taisteal agus ar chúrsaí reatha. Roimhe seo, bhí sí ina heagarthóir ar an Sunday Tribune, nuachtán Éireannach a bhuaigh gradaim, agus ina hEagarthóir ar independent.ie, príomhláthair gréasáin nuachta na hÉireann.

Tá **Graham Keddie** ina Stiúrthóir Bainistíochta ar Aerfort Idirnáisiúnta Bhéal Feirste. Tá sé ag plé le tionscal na heitlíochta le níos mó ná 30 bliain, i róil aerlíne, aerfoirt agus láimhsitheoir talún. Bhí Graham ag obair in 11 tír éagsúil san Áise, san Afraic, san Eoraip agus sa Mheánoirthear. Roimh dhul isteach sa tionscal eitlíochta, bhí Graham ina aturnae, le cáilíocht aige as Albain. Tá sé ina stiúrthóir freisin ar Chumann na nOibritheoirí Aerfort.

Tá **John McGrillen** ina Phríomhfheidhmeannach Turasóireachta ar Tourism NI, údarás forbartha turasóireachta Thuaisceart Éireann. Ceapadh sa phost é i mí Iúil 2015, tar éis dó tréimhse fada a chaitheamh i bhforbairt eacnamaíochta agus i rialtas áitiúil. Sular ceapadh é ar Tourism NI, bhí sé ina Stiúrthóir Forbartha i gComhairle Cathrach Bhéal Feirste, mar a raibh sé freagrach as forbairt eacnamaíochta, athbheochan agus turasóireacht sa chathair. Ó 1999 go 2010, bhí sé ina Phríomhfheidhmeannach ar Chomhairle Ceantair an Dúin. Thosaigh sé ag obair mar innealtóir aerspáis roimh dhul i mbun oibríochtaí IDB Northern Ireland in Düsseldorf, An Ghearmáin, agus ina dhiaidh sin, ina Phríomhfheidhmeannach ar NI-CO, gnó comhairleach forbartha idirnáisiúnta atá lonnaithe i mBéal Feirste. Tá sé ina Ghobharnóir ar Choláiste Cathrach Bhéal Feirste ó 2012 i leith.

Tá níos mó ná 40 bliain de thaithí ag **Stephen McNally** ar thionscal na dtithe ósta. Rinne sé a chuid staidéir i Scoil Óstáin agus Lónadóireachta Rockwell i gCo Thiobraid Árann. Tá taithí leitheadach idirnáisiúnta aige chomh maith. Bhí sé ag obair le Ramada Hotels sa RA agus sa Ghearmáin agus chríochnaigh sé Clár Forbartha Bainistíochta an Ramada Hotel, roimh dhul le Grúpa Óstán Jurys in 1989. Ar feadh 17 mbliana le Jurys (ar a tugadh Jurys Doyle plc ina dhiaidh sin) bhí sé ina bhainisteoir ar óstáin na cuideachta in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe agus faoi dheireadh i gceannas ar ghníomhartha an ghrúpa uile, lena n-áirítear na hóstáin i

SAM. I mí Lúnasa 2007, ceapadh é mar stiúrthóir agus Leas-Phríomhfheidhmeannach ar Ghrúpa Óstán Dalata. Is fearr aithne air mar gheall ar na brandaí Clayton agus Maldron, agus tá gnó óstáin aige ar fud na hÉireann agus na Breataine. Ceapadh é ina Uachtarán ar Chónaidhm Óstán na hÉireann sa bhliain 2014. Tá sé ina stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin ar Fhéile Naomh Pádraig chomh maith.

Tá a lán taithí bainistíochta sinsir ag **Mary Mulvey** óna cuid oibre le Bord Turasóireachta Shasana, Bord Fáilte, Bailte Oidhreachta Éireann agus Comhairle Caomhnaithe Portaigh na hÉireann. Ó 2005 go 2009, bhí sí ina Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Greenbox, tionscadal trasteorann, an chéad ceann scríbe éiceathurasóireachta in Éirinn. Ó 2017 go 2019, bhí sí ag obair leis an gComhairle Oidhreachta / Fóram Ard-tailte Éireann Ba í a bhunaigh Eiceathurasóireacht Éireann, agus chaith sí tamall ag obair le Taisteal Inmharthana Éireann. Bhí Mary ina hionadaí d'Éirinn ar an gComhairle Dhomhanda Turasóireachta Inbhuanaithe (GSTC), idir 2015 agus 2019. D'oibrigh Mary le Earthcheck, comhairleoireacht dhomhanda inmharthana, le hathbhreithniú a dhéanamh ar bheartas turasóireachta inmharthana idirnáisiúnta agus le moltaí a dhéanamh maidir le beartas, treoirphrionsabail agus feidhmiú na forbartha inmharthana turasóireachta in Éirinn don Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Tá sí tiomanta do phróifíl na turasóireachta inmharthana a ardú ag an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta, i gcomhar le gníomhaireachta ábhartha rialtais, comhlachtaí turasóireachta agus na páirtithe leasmhara.

Tá **Kathryn Thomson** ina Príomhfheidhmeannach ar National Museums NI ó mhí Mhárta 2016. Díreach roimhe sin, chaith Kathryn 11 bliain mar Phríomhoifigeach Oibriúcháin ag Tourism NI. Tá B.Com (On) ag Kathryn i Staidéar Gnó ó Ollscoil Dhún Éadain, chríochnaigh sí a cuid oiliúna mar chuntasóir ag PwC agus tá cáilíocht ghairmiúil aice mar chuntasóir cairte leis an Chartered Institute of Public Finance and Accountancy (CIPFA). Bhí ceapachán poiblí ag Kathryn mar Stiúrthóir ar an mBord Straitéiseach Infheistíochta agus tá sí ina Stiúrthóir Neamhfheidhmeannach ar Visit Belfast. Tá sí ina stiúrthóir agus ina iontaobhaí freisin ar bhord trí charthanachtaí: An Grand Opera House i mBéal Feirste, Culture Perth agus an Open House Festival.

Ráiteas Sreafaí Airgid 35 Ráiteas Maidir le Beartais Chuntasaíochta 36 Nótaí do na Rátaí Airgeadais 38

TURASÓIREACHT ÉIREANN

TUARASCÁIL AGUS RÁITEAS AIRGEADAIS

don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2020

Clár

Faisnéis faoin gCuideachta 20

Tuarascáil na Stiúrthóirí 21

Ráiteas faoi Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí 27

Tuarascáil Luach Saothair 28

Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach / Ráiteas Rialála 29

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste 30

Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais 32

Ráiteas Cuimsitheach Ioncaim 32

Ráiteas Maidir le Seasamh Airgeadais 33

Ráiteas Maidir le hAthruithe i gCothromas 34

## Faisnéis faoin gCuideachta

**Stiúrthóirí**

Joan O'Shaughnessy *(Cathaoirleach)* (Ceaptha 11 Márta, 2020)

Christopher Brooke *(Leas-Chathaoirleach)* Ruth Andrews

(Ceaptha 31 Iúil, 2020) Trevor Clarke
Harry Connolly
Joe Dolan

(Ceaptha 31 Iúil 2020).

Nóirín Hegarty
(Ceaptha 11 Márta, 2020)

Graham Keddie John McGrillen

Stephen McNally (Ceaptha 31 Iúil, 2020)

Mary Mulvey

(Ceaptha 31 Iúil, 2020) Kathryn Thomson

**Príomhfheidhmeannach**

Niall Gibbons

**Rúnaí**

Shane Clarke

**Oifig Chláraithe**

Urlár 4, Cearnóg an Easpaig, Cnoc Réamainn, Baile Átha Cliath 2

**Seoltaí Gnó**

Urlár 4, Cearnóg an Easpaig, Cnoc Réamainn, Baile Átha Cliath 2

Beresford House 2 Beresford Road Coleraine BT52 1GE

**Iniúchóirí**

Iniúchóirí An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Poblacht na hÉireann), 3a Sráid an Mhéara, Baile Átha Cliath 1

**Príomh-Bhaincéirí**

Bainc-Aontas Éireann ctp, 37/38 Sráid Uí Chonaill Uachtar Baile Átha Cliath 1

**Aturnaetha**

Byrne Wallace 88 Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath

Tughans Marlborough House 30 Victoria Street Belfast BT1 3GS

## Tuarascáil na Stiúrthóirí

## don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2020

### Stair Achomair agus Cúlra Reachtúil na Cuideachta

Bhunaigh Rialtas na hÉireann agus Feidhmeannas Thuaisceart Éireann, faoi choimirce na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas (NSMC), Turasóireacht Éireann CTR le bheith ina ghéag margaíochta don turasóireacht thar lear d'oileán na hÉireann agus corpraíodh é ar an 11 Nollaig, 2000 mar Chuideachta Teoranta ag Ráthaíocht gan Scairchaipiteal. Tógann an chuideachta treoir beartais ón NSMC agus coinníonn sé dlúthchaidreamh oibre lena chomhaltaí bunaigh agus reatha, Fáilte Éireann (FI) agus Tourism Northern Ireland (TNI). Is iad príomhchuspóirí na Cuideachta an turasóireacht go hoileán na hÉireann a mhéadú agus tacaíocht a thabhairt do Thuaisceart Éireann lena chumas turasóireachta a bhaint amach. Tá an chuideachta á rialú ag a Meabhrán agus a hAirteagail Chomhlachais agus ag an Meabhrán Airgeadais faofa ag an NSMC agus ullmhaíonn sí Pleananna Corparáideacha trí bliana agus Plean Oibriúcháin aon-bhliana mar threoir dá cuid gníomhaíochtaí. Faigheann an chuideachta deontais airgid ón dá dhlínse agus eisítear na deontais sin trí FI agus TNI agus tá bord Stiúrthóirí ceaptha ag an NSMC.

### Formáid na Ráitis Airgeadais

Ullmhaíodh na cuntais i bhformáid a cinntíodh ag Acht na gCuideachtaí 2014 (Poblacht na hÉireann). Is é an euro (€) bunairgeadra na ráitis airgeadais. Tá na torthaí euro aistrithe go Sterling (STG£) ag an ráta deiridh ar ionann STG£1 agus €1.11657 (2019: STG£ cothrom le €1.18106) don Ráiteas Maidir le Seasamh Airgeadais agus ag meánráta bliantúil de €1.12435 (20189: STG£1 cothrom le €1.13983) don Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

### Leabhair Chuntais

D'fhonn a chinntiú go gcoimeádtar leabhair agus taifid chuntasaíochta chuí de réir Alt 281 agus 282 d'Acht na gCuideachtaí 2014, tá pearsanra leis na cáilíochtaí cuí cuntasaíochta fostaithe ag na Stiúrthóirí agus tá córais chuntasaíochta chuí ar ríomhairí á gcothabháil acu. Tá na leabhair chuntais lonnaithe in oifig na Cuideachta ag Cearnóg an Easpaig, Baile Átha Cliath.

## Príomhghníomhaíochtaí

Is iad príomhghníomhaíochtaí na Cuideachta dearadh agus feidhmiú na gclár margaíochta do na príomh-mhargaí thar lear d'fhonn tionscal turasóireachta oileán na hÉireann a chur chun cinn, de réir na cuspóirí atá leagtha amach thuas.

## Iniúchóirí Seachtracha

Is é an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste i bPoblacht na hÉireann a dhéanann iniúchadh ar na Ráitis Airgeadais. Tá lánrochtain ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste do Thuaisceart Éireann ar pháipéir oibre an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i bPoblacht na hÉireann, agus bunaithe air sin is féidir tuarascáil a chur faoi bhráid Thionól Thuaisceart Éireann.

## Torthaí

Bhí farasbarr Ioncam thar Caiteachas don bhliain cothrom le €12,086,646 (STG £10,749,896).

## Rialachas Corparáideach

Tá an Chuideachta á rialú ag a Meabhrán agus a hAirteagail Chomhlachais agus ag an Meabhrán Airgeadais atá faofa ag an NSMC. Tá Bord Stiúrthóirí neamhfheidhmeannach aici atá ceaptha ag an NSMC lena n-áirítear ionadaithe ón tionscal turasóireachta i dTuaisceart Éireann, an tionscal turasóireachta sa Deisceart, TNI agus Fáilte Éireann.

Aontaíonn an Bord sceideal cruinnithe le tionól i ngach bliain féilire. Faigheann Comhaltaí an Bhoird páipéir iomlána an bhoird roimh gach cruinniú; áirítear sna páipéir seo tuarascáil airgeadais agus tuarascálacha ón bPríomhfheidhmeannach agus ó gach Stiúrthóir Roinne sa Chuideachta. The Board members can,

Is féidir le comhaltaí an Bhoird, mar chabhair dá ndualgais, comhairle neamhspleách gairmiúil a ghlacadh de réir mar is gá, ar chostas na Cuideachta. Tá rochtain ag gach comhalta Boird ar chomhairle agus ar sheirbhísí Rúnaí na Cuideachta.

Tionóladh 10 gcruinniú Boird i rith na bliana 2020 agus mar seo a leanas a bhí an freastal:

| | Líon na gcruinnithe a bhféadfaí freastal orthu | Líon na gcruinnithe ar freastalaíodh orthu |
|---|---|---|
| Joan O'Shaughnessy (Cathaoirleach) | 10 | 10 |
| Christopher Brooke (Leas-Chathaoirleach) | 10 | 10 |
| Trevor Clarke | 10 | 10 |
| Harry Connolly | 10 | 10 |
| Kathryn Thomson | 10 | 9 |
| Graham Keddie | 10 | 8 |
| John McGrillen | 10 | 9 |

| | | |
|---|---|---|
| Nóirín Hegarty | 10 | 10 |
| Stephen McNally | 5 | 5 |
| Mary Mulvey | 5 | 5 |
| Ruth Andrews | 5 | 5 |
| Joe Dolan | 5 | 5 |

Bíonn an Bord ag feidhmiú trí na fochoistí seo a leanas chomh maith:

### Coiste Iniúchóireachta agus Árachas Riosca

Tá ceathrar Stiúrthóir ar an bhfochoiste seo a thagann le chéile go ráithiúil le timpeallacht inmheánach rialaithe na Cuideachta a athbhreithniú agus a phlé. Tá siad faoi threoir ag Clár Riosca na Cuideachta a úsáidtear chun cabhrú le clár oibre a leagan amach don fheidhm Iniúchta Inmheánaigh, agus tuairiscíonn siad go díreach ar ais chuig an gcoiste seo. Tá lánrochtain neamhshrianta ag na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha ar an gcoiste.

Sa tábla seo a leanas leagtar amach comhdhéanamh agus tinreamh na gcruinnithe Coiste Bainistiú Riosca i rith na bliana 2020:

| | Líon na gcruinnithe a bhféadfaí freastal orthu | Líon na gcruinnithe ar freastalaíodh orthu |
|---|---|---|
| Kathryn Thomson (Cathaoirleach) | 3 | 3 |
| Stephen McNally (Leas-Chathaoirleach) | 2 | 2 |
| Joan O'Shaughnessy | 1 | 1 |
| Harry Connolly | 3 | 3 |
| Nóirín Hegarty | 3 | 3 |

### An Coiste Luach Saothair

Tá triúr Stiúrthóir ar an bhFochoiste seo agus tagann siad le chéile le hathbhreithniú a dhéanamh ar oiriúnacht leibhéil luach saothar na Cuideachta agus ar théarmaí agus ar choinníollacha eile fostaíochta na bhfeidhmeannach sinsearacha.

Tá comhdhéanamh agus freastal chruinnithe an Choiste Luach Saothair i rith 2020 ar fáil sa tábla a leanas:

| | Líon na gcruinnithe a bhféadfaí freastal orthu | Líon na gcruinnithe ar freastalaíodh orthu |
|---|---|---|
| Christopher Brooke (Cathaoirleach) | 1 | 1 |

| | | |
|---|---|---|
| Joan O’Shaughnessy | 1 | 1 |
| Nóirín Hegarty | 1 | 1 |

## Iar-Ráiteas Maidir le Teagmhais Seasamh Airgeadais

Ní raibh teagmhas ar bith a bhí ann tar éis 31 Nollaig 2020 a d'éiligh leasú ar na ráitis airgeadais nó nochtadh ar leith a dhéanamh iontu.

## Taighde agus Forbairt

Ní raibh gníomhaíochtaí taighde agus forbartha ar bun ag an gCuideachta i rith na tréimhse.

## Forbairtí sa Todhchaí

D'fhaomh Bord na Stiúrthóirí Plean Gnó le haghaidh gníomhaíochtaí margaíochta na Cuideachta in 2020 agus Plean Corparáideach dá chuid gníomhaíochta sa tréimhse 2020 go 2022. I bhfianaise na bhfadhbanna agus na srianta sa tionscal taistil agus turasóireachta a eascraíonn as COVID-19, cuireadh na gníomhaíochtaí margaíochta íoctha go léir ar fionraí go luath i mí Mhárta. Úsáidfear uainiú chealú na srianta taistil, agus an fhaisnéis ó thionscadail éagsúla taighde, leis an t-am is oiriúnaí chun gníomhaíochtaí margaíochta a atosú sa dá dhlínse ar oileán na hÉireann a mheas. Chuaigh an Chuideachta i dteagmháil leis an Aire Iompair Turasóireachta agus Spóirt (an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán anois) in Éirinn agus leis an Aire Eacnamaíochta i dTuaisceart Éireann.

Tá tionscadail taighde éagsúla ag an gcuideachta maidir le gníomhaíocht dhóchúil iar COVID-19 agus úsáidfear torthaí na dtionscadal taighde seo, agus an t-am a mbainfear na srianta taistil chun an uain iomchuí le gníomhaíochtaí margaíochta a atosú a threorú.

## Na Príomhrioscanna agus Neamhchinnteachtaí

Is é an riosca is mó ná an riosca a eascraíonn as tionchair thromchúiseacha an COVID-19, lenar dúnadh an tionscal turasóireachta ar fud an domhain, agus a iarmhairtí do thionscal turasóireachta na hÉireann. Leis na himpleachtaí seo a mhaolú tá Tascfhórsa Téarnamh Turasóireachta bunaithe ag an Aire Turasóireachta, Cultúir Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus tá Grúpa Stiúrtha Téarnamh Turasóireachta bunaithe ag an Aire Eacnamaíochta i dTuaisceart Éireann. Tá Turasóireacht Éireann ina chomhalta den dá ghrúpa.

D'fhéadfadh an Breatimeacht athrú bunúsach a dhéanamh ar an taisteal go dtí an dá dhlínse ar oileán na hÉireann agus ar an taisteal laistigh den oileán féin chomh maith. Tá Turasóireacht Éireann ag faire go géar ar an a bhfuil ag tarlú, d'fhonn aon tionchair dhochracha a mhaolú agus an leas is fearr a bhaint as aon deiseanna a eascraíonn as.

Mar gheall ar a ghníomhaíochtaí ar fud an domhain, tá tionchar ag leibhéal na gníomhaíochta eacnamaí i bpríomh-mhargaí na Cuideachta, An Bhreatain, SAM, An Fhrainc, an Ghearmáin, agus na coda eile den domhan go ginearálta, ar an bhfonn taistil. Cuireann fás nó cúlú ar bith sna margaí seo isteach ar an tionscal turasóireachta agus taistil go léir, agus go háirithe ar chumas na Cuideachta chun fás a sheachadadh, i líon na gcuairteoirí agus ina gcaiteachas, de réir spriocanna seachadta na Cuideachta ar oileán na hÉireann. Mhéadódh teagmhas ar nós mórionsaí sceimhlitheoireachta nó briseadh amach galair cur isteach ar chumas na Cuideachta a spriocanna a bhaint amach. Bheadh tionchar chomh maith ag aon chailliúint nó cur isteach breise ar rochtain aeir nó farraige agus ag gluaiseachtaí neamhfhabhracha sna malartáin eachtracha ar thaisteal go hoileán na hÉireann. Bíonn an Bord ag faire go rialta ar na rioscaí seo agus glactar leis na gníomhartha cuí leis na rioscaí a mhaolú nó le tabhairt faoi na hiarmhairtí ionchasacha dochracha an oiread agus is féidir go praiticiúil.

Níl aon chomhaontú foirmeáilte fadtéarmach maoinithe ann le maoiniú leanúnach a dhéanamh ar a chuig gníomhaíochta ag Rialtas Ríocht Aontaithe na Breataine agus Thuaisceart Éireann agus Rialtas na hÉireann.

Cé go bhfuil sé réasúnta a bheith ag súil leis go mbeidh maoiniú leanúnach á dhéanamh ag an dá Rialtas ar ghníomhaíochtaí na Cuideachta, bíonn athbhreithniú á dhéanamh i gcónaí ar an leibhéal maoinithe.

## Reachtaíocht Chomhionannais

Tá sé de bheartas ag an mBord an Reachtaíocht Chomhionannais sa dá dhlínse a chomhlíonadh go hiomlán. Bunaítear earcaíocht ar chumas iarratasóra chun an post a dhéanamh. Déantar iarratais ar fhostaíocht ó gach grúpa mionlaigh, lena n-áirítear lucht míchumais, a bhreathnú go hiomlán agus go cothrom, má bhíonn na scileanna agus na cumais iontu chun an obair a dhéanamh.

Má tharlaíonn míchumasú le linn fostaíochta is é beartas an Bhoird gach iarracht a dhéanamh a chinntiú go mbeidh athoiliúint shásúil ar fáil, nó más infheidhmithe, go dtabharfar cabhair le fostaíocht mhalartach a fháil.

## Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag Obair

Is é beartas an Bhoird sábháilteacht, sláinte agus leas leanúnach na bhfostaithe ag obair a chinntiú trí thimpeallacht shábháilte shláintiúil a chothabháil bunaithe ar fhorálacha na Reachtaíochta um Shláinte, Shábháilteacht agus Leas ag an Obair sna dlínsí ina mbíonn sé ag feidhmiú.

## Tabhartais Charthanachta

Ní dhearna Turasóireacht Éireann aon tabhartas carthanachta le linn na tréimhse.

## Íocaíocht do Sholáthróirí

Is é beartas Thurasóireacht Éireann CRT gach soláthraí a íoc chomh pras agus is infheidhmithe agus gan aon am breise a ghlacadh chun soláthraithe a íoc, seachas an t-am a bhíonn ag teastáil chun an sonrasc a sheiceáil agus a phróiseáil. In 2020, bhí an meán-am idir sonrasc a fháil ó sholáthraí agus a íoc cothrom le 19 lá. Níor íoc Turasóireacht Éireann CRT aon ús maidir le híocaíochtaí déanacha i rith na bliana. Tá breis eolais faoi íocaíochtaí Thurasóireacht Éireann le soláthraithe ar fáil ar shuíomh corparáideach gréasáin Thurasóireacht Éireann www.tourismireland.com

## Rannpháirtíocht na bhFostaithe

Cuireann Turasóireacht Éireann Teoranta a straitéis gnó i bhfeidhm trína fhoireann. Tá rannpháirtíocht lucht foirne ríthábhachtach le cuspóirí gnó a bhaint amach sa phróiseas pleanála agus cinnteoireachta. Déantar rannpháirtíocht na foirne a uasmhéadú trí úsáid a bhaint as an rochtain chuí ar shainchomhairle agus trí dheiseanna oiliúna a chuireann ar a gcumas a gcuid freagrachtaí a chomhlíonadh go héifeachtúil.

## Saoráil Faisnéise

Foráiltear san Acht um Chomhaontú na Breataine- na hÉireann 1999 go ndéanfadh Airí Éireannacha agus Thuaisceart Éireann a bhfuil freagracht orthu maidir le saoráil faisnéise Cód Cleachtais a dhréachtú do na Comhlachtaí Thuaidh/Theas agus go mbeadh sé le faomhadh ag an NSMC.  Is cód neamhreachtúil é an Cód a faomhadh ar an 1 Eanáir 2006, agus dréachtaíodh é le haird ar na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003 agus an Freedom of Information Act, 2000 sa Ríocht Aontaithe.

Áisítear rochtain an phobail de réir an Chóid ar fhaisnéis atá ag na sé chomhlachtaí forfheidhmithe Thuaidh Theas agus ag Turasóireacht Éireann Teo ar bhealaí éagsúla.  Foráiltear gur cheart do gach comhlacht cineálacha áirithe faisnéise a bhaineann lena fheidhmeanna, a struchtúir, a eagraíocht agus a sheirbhísí a fhoilsiú, mar aon le tuairisc ghinearálta ar an gcineál faisnéise atá ag an gcomhlacht sin. Leagtar amach an próiseas faoinar féidir le ball den phobal faisnéis atá ag an gcomhlacht sin a iarraidh, na céimeanna is gá don chomhlacht a ghlacadh agus an t-iarratas sin á láimhseáil agus an tréimhse ama inar cheart don chomhlacht freagra a thabhairt ar iarratas de ghnáth. Tugann an Cód deis chomh maith do bhaill den phobal ráiteas a fháil faoi aon ghníomh den chomhlacht a bhfuil tionchar aige ar an duine sin.

Tugtar catagóirí na faisnéise a bhfuil díolúine acu in Iarscríbhinn an Chóid. Má thiteann an fhaisnéis a iarrtar laistigh de chatagóir atá liostaithe i gCuid 1 den Iarscríbhinn, níl dualgas ar an gcomhlacht an fhaisnéis a nochtadh. Má thiteann an fhaisnéis a iarrtar laistigh de chatagóir atá liostaithe i gCuid 2, ní mór don chomhlacht teist leas poiblí a dhéanamh lena chinneadh an nochtfar an fhaisnéis nó nach nochtfar.

the information. Déanann an Cód foráil le haghaidh meicníocht inmheánach athbhreithnithe ar chinntí a dhéanann an comhlacht faoin gCód.

## Beartas agus Nósanna Imeachta maidir le sceithirí

Tá beartas ag Turasóireacht Éireann CTR le roinnt blianta maidir le sceithirí agus tá na nósanna imeachta foilsithe agus tugtha do gach fostaí. Le linn 2020, ní bhfuair Turasóireacht Éireann aon nochtadh.

## Freagracht Shóisialta Chorparáideach

Ní hiad na cuideachtaí a sheachadann feidhmíocht níos fearr agus seirbhís chustaiméirí den scoth, ach a chuireann saincheisteanna eiticiúla, sóisialta agus comhshaoil san áireamh dá páirtithe leasmhara go léir na cuideachtaí is fearr. Aithníonn Turasóireacht Éireann na dualgais leathana atá uirthi i leith fostaithe, na sochaí agus an phobail a bhfuil sí ag freastal air agus creideann sí go bhfuil nasc láidir idir Freagracht Shóisialta Chorparáideach agus an rath sa bhfad-téarma. Tá tacar luachanna ag Turasóireacht Éireann Teo a thugann aitheantas do leasanna a pháirtithe leasmhara go léir agus don gcion tairbhe atá á dhéanamh acu. Chun na críche sin, tá caighdeáin an-arda ionracais, rialachais chorparáideach agus fheasacht chomhshaoil againn. Aithnímid nach ionann a bheith inár saoránach maith corparáideach agus ár n-aidhmeanna gnó amháin a bhaint amach, ach go bhfuil baint aige le cion níos leithne a dhéanamh ar son leasa ár bpáirtithe leasmhara go léir. Tugtar tuilleadh sonraí sa ráiteas maidir le hInbhuanaitheacht Chomhshaoil, Shóisialta agus Rialachais thíos.

Thug an Chuideachta faoi chlár, in éineacht leis an bhfoireann go léir, le 'luachanna' Thurasóireacht Éireann a dheimhniú. Dá thoradh seo iad is iad seo a leanas na luachanna a bhfuil sé d'aidhm ag Turasóireacht Éireann a oibriú: Urraim, Cruthaitheacht, Comhoibriú agus úinéireacht.

Is cuid bhunúsach d'fhás ghnó na turasóireachta ar oileán na hÉireann iad ár bpáirtithe leasmhara, idir thionscal na turasóireachta agus na turasóirí féin. Is cuid bhunúsach d'fhás ghnó na turasóireachta ar oileán na hÉireann iad ár bpáirtithe leasmhara, idir thionscal na turasóireachta agus na turasóirí féin.

Ní hé dearcadh Thurasóireacht Éireann CTR go bhfuil 'aon mhéid amháin oiriúnach do chách' maidir leis an tseirbhís a sholáthraímid, tá sé d'aidhm againn tacar solúbtha de roghanna margaíochta a chur ar fáil don tionscal turasóireachta

Ag an leibhéal corparáideach, glacaimid leis na caighdeáin comhlíonta is airde i leith riachtanais reachtúla, ag feidhmiú de réir spiorad agus litir na rialachán sa dá dhlínse.

Tá sé d'aidhm againn an chúirtéis chéanna a thabhairt dár soláthraithe agus a thugaimid dár bpáirtithe leasmhara.

Gan foireann chumasach thiomanta spreagtha, ní fhéadfadh Turasóireacht Éireann CTR an leibhéal seirbhíse atá tuillte acu a thabhairt dár bpáirtithe leasmhara Dá bharr seo, tugtar tús áite d'earcaíocht foirne, agus d'oiliúint agus forbairt foirne. Is iad na daoine agus na gníomhairí atá againn i 22 láthair i 18 tír an acmhainn is tábhachtaí don rath atá ar Thurasóireacht Éireann le 21 bliain anuas.

Tá Turasóireacht Éireann lántiomnaithe don chomhionannas in earcaíocht agus i bhfostaíocht. Is í an straitéis atá againn na daoine is fearr a earcú agus oiliúint chuimsitheach a thabhairt dóibh agus tacaíocht a thabhairt dóibh lena gcumas fad-téarmach a bhaint amach.

Inbhuanaitheacht Chomhshaoil, Shóisialta agus Rialachais - a chur ar chumas na bpobal a bheith rathúil tríd an turasóireacht, agus cáilíocht na beatha ar fud oileán na hÉireann a fheabhsú.

Cúlra

Téann tionchar sóisialta Thurasóireacht Éireann níos faide ná cion tairbhe díreach intomhaiste mhargaíocht oileán na hÉireann thar lear. Cé go raibh muid rannpháirteach i bhFreagracht Shóisialta Chorparáideach (CSR) cheana agus go bhfuil seicliosta CSR againn le monatóireacht a dhéanamh ar ár ndul chun cinn, tá sé ar intinn againn anois díriú ar an inmharthanacht, le caighdeáin fheabhsaithe Comhshaoil, Shóisialta agus Rialachais (ESG).

Le blianta beaga anuas, tá ath-mheasúnú á dhéanamh againn ar ár ról san inbhuanaitheacht. Ghlac muid le pacáiste de Phrionsabail Margaíochta Inbhuanaithe do Chinn Scríbe in 2018, le hiarracht ár ngníomhaíocht margaíochta a ailíniú le patrúin éilimh na turasóireachta. Cuireadh níos mó béime ar dháileadh réigiúnach, ar dháileadh séasúrach agus ar ionaid taitneamhachta nach dtugtar mórán cuairte orthu a chur chun cinn. Thiomsaigh muid athbhreithniú ar shuímh ár n-oifigí go léir chomh maith agus ar na cleachtais chomhshaoil atá ar bun i ngach ceann acu, d'fhonn ár ndintiúir inbhuanaitheachta a bhunú agus a fheabhsú. Is mian leis an eagraíocht dul níos faide ná na céimeanna tosaigh seo agus plean gnímh intomhaiste a chruthú do ghníomhaíocht na cuideachta ar mhaithe lenár gcaighdeáin a fheabhsú.

Bhí tionchar COVID-19 fíor-thromchúiseach agus thug muid tús áite dár bhfreagairt don ghéarchéim seo. In ainneoin na paindéime, tá creat téarnaimh curtha ar bun ag Turasóireacht Éireann. Plean trí chéim atá ann le héileamh a atosú, a atógáil agus sa deireadh a athdhearadh. Bhí muid dírithe ar theacht slán in 2020-2021 agus tá an fócas anois ar ATOSÚ na hearnála. Ag an am céanna, tá muid ag obair le plean soiléir a chruthú ar son téarnaimh fhad-téarmach na turasóireachta isteach go hoileán na hÉireann.

Is cuid bhunúsach d'fhás ghnó na turasóireachta ar oileán na hÉireann iad ár bpáirtithe leasmhara, idir thionscal na turasóireachta agus na turasóirí féin. Tá dianchomórtas sa turasóireacht idirnáisiúnta agus mura mbíonn na tairiscintí is fearr á ndéanamh againn, rachaidh na turasóirí áit éigin eile. Mar eagraíocht, táimid tiomanta dár dtuiscint ar inbhuanaitheacht a mhéadú, agus cad a chiallaíonn sé don tomhaltóir, leis an inbhuanaitheacht a ghníomhachtú i dTurasóireacht Éireann agus inár gcumarsáid margaíochta agus le comhoibriú ar an gclár oibre inbhuanaitheachta a chur chun cinn lenár gcomhghníomhaireachtaí agus lenár ranna urraíochta.

Tá oiliúint leitheadach san inbhuanaitheacht déanta ag Bord agus ag Foireann Ardbhainistochta Thurasóireacht Éireann agus tá glactha againn le sainmhíniú Eagraíocht Turasóireacht Domhanda na Náisiún Aontaithe ar an turasóireacht inbhuanaithe .i. Turasóireacht a thugann aird iomlán ar a thionchair eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil reatha agus sa todhchaí, agus a fhreastalaíonn ar riachtanais na gcuairteoirí, an tionscail, an chomhshaoil agus na bpobal óstach.

Aithníonn Turasóireacht Éireann Teo na dualgais leathana atá uirthi i leith fostaithe, na sochaí agus an phobail a bhfuil sí ag freastal air agus creideann sí go bhfuil nasc láidir idir inbhuanaitheacht ESG agus an rath sa bhfad-téarma. Tacaíonn tograí chun ár gcuid oibre a dhéanamh níos inbhuanaithe le croí-luachanna Thurasóireacht Éireann agus doimhníonn siad iad - Meas, Cruthaitheacht, Comhoibriú agus Úinéireacht.

Mar chuid dár gcuid oibre ar an inbhuanaitheacht, beidh measúnú á dhéanamh ag Turasóireacht Éireann ar Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe d'fhonn na spriocanna is ábhartha dár gcuid oibre a shainaithint. Beidh na spriocanna forbartha inbhuanaithe seo mar bhonn dár bpleanáil agus dár ngníomhaíocht ar son na hinbhuanaitheachta.

## Inbhuanaitheacht Chomhshaoil - ag Díriú ar an Todhchaí

Tá Turasóireacht Éireann tiomanta dár gcaighdeáin chomhshaoil inbhuanaitheachta a fheabhsú - laistigh den eagraíocht féin agus ar fud na hearnála go léir.

Mar shampla tá Turasóireacht Éireann i mbun gníomhartha éagsúla cheana féin i mBaile Átha Cliath le tionchar ár láthair oibre ar an gcomhshaol a theorannú. These measures include: I measc na mbearta tá: An Scéim Rothaíochta chun Oibre, diúscairt dramhaíola comhshaoil, 'CupáinBhuana' don bhfoireann agus córas buidéil uisce in-athúsáide, dáileoirí plaisteacha uisce a bhaint amach as na hoifigí, gan lónadóireacht le mórán plaisteach a úsáid, athchúrsáil fhreagrach agus laghdú ar ábhar poiblíochta, trealamh fuinnimh le rátáil A a shuiteáil (lena n-áirítear TFC agus fearais), spreagadh na físchomhdhála chun taisteal neamhriachtanach a laghdú, braiteoirí gluaiseachta agus soilse éifeachtúla ó thaobh fuinnimh chun úsáid fuinnimh a laghdú, laghdú cuimsitheach ar ábhar clóbhuailte, monatóireacht ar mhíleáiste carnach na foirne, pointe luchtaithe d'fheithiclí leictreacha agus monatóireacht bhliantúil SEAI (Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann) ar úsáid fuinnimh.

Bhí Turasóireacht Éireann rannpháirteach sa ghrúpa oibre ar thurasóireacht inbhuanaithe faoi chathaoirleacht na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán anois), inar sainaithníodh mar uaillmhian go mbeadh Éire i measc na gceannairí domhanda i gcleachtais inbhuanaithe turasóireachta..

Ag amharc romhainn, tá Turasóireacht Éireann tiomanta do ghníomhú agus do cheannaireacht a léiriú. Tá tograí molta le tuiscint ár gcomhghleacaithe ar inbhuanaitheacht chomhshaoil agus a bhfeidhm ina gcuid oibre a mhéadú - lena n-áirítear seisiúin eolais inmheánacha agus treoir a fhorbairt maidir lena bhfeidhmiú ina gcuid oibre.

D'fhonn ról leathan na gcaighdeán inbhuanaitheachta comhshaoil inár n-earnáil a mheas, déanfaidh Turasóireacht Éireann taighde i measc na dtomhaltóirí agus sa ghnó taistil, le tuiscintí a fháil ar thionchar na gcaighdeán seo ar iompar agus ar spreagadh na dturasóirí. Beidh straitéis ATHDHEARADH an Bhoird faoi threoir ag samhaltú maidir leis an rath a d'fhéadfadh a bheith ag an turasóireacht inbhuanaithe in oileán na hÉireann faoin mbliain 2030.

Beidh sé ar intinn againn díriú níos mó ar iompar agus ar thuairisceoireacht eagraíochtúil inbhuanaitheachta. Déanfaimid leasú ó bhonn ar ár bPrionsabail Margaíochta Ceann Scríbe Inbhuanaithe, mar chuspóir tábhachtach gnó inár bPleananna Gnó. Féachaimid chomh maith ar

dheiseanna chun scrúdú a dhéanamh ar conas gnó a spreagadh thar lear chun tosaíocht a thabhairt do chuairteanna níos faide agus béim a chur ar tháirgí inbhuanaithe. Bainfimid leas as na deiseanna rannpháirtíochta a thugann ardáin hibrideacha trádála fíorúla do ghnólachtaí beaga inbhuanaithe.

Tar éis COVID-19, agus ár bhfoireann ag filleadh ar ár n-oifigí, déanfaimid athbhreithniú ar bhearta inbhuanaitheachta comhshaoil agus sainaithneofar réimse feabhais. Déanfar an t-athbhreithniú seo i gcomhthéacs na n-athruithe i gcothromaíocht na hoibre ón mbaile agus na hoibre ón oifig.

## Inbhuanaitheacht Rialachais: A chinntiú go bhfeidhmíonn muid de réir na gcaighdeán is airde is féidir

Ag an leibhéal corparáideach, glacann Turasóireacht Éireann leis na caighdeáin comhlíonta is airde i leith riachtanais reachtúla, ag feidhmiú de réir spiorad agus litir na rialachán sa dá dhlínse.

Tá tacar luachanna ag Turasóireacht Éireann a thugann aitheantas do leasanna a pháirtithe leasmhara go léir agus don gcion tairbhe atá á dhéanamh acu. Chun na críche sin, tá caighdeáin an-arda ionracais, rialachais chorparáideach agus fheasacht chomhshaoil againn. Aithnímid nach ionann a bheith inár saoránach maith corparáideach agus ár n-aidhmeanna gnó amháin a bhaint amach, ach go bhfuil baint aige le cion níos leithne a dhéanamh ar son leasa ár bpáirtithe leasmhara go léir.

Bíonn cruinnithe ráithiúla ag Foireann Ardbhainistíochta Thurasóireacht Éireann leis na ranna urraithe le hathbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht ghnó agus ar rialachas. Bíonn cruinnithe ag an mbord ocht n-uaire sa bhliain ar a laghad le hathbhreithniú a dhéanamh ar thuarascálacha feidhmiúcháin, straitéise agus rialachais. Tá próisis láidre phoiblí ag Turasóireacht Éireann, tá pleananna Leanúnachas Gnó agus athbhreithnithe againn agus déanaimid monatóireacht leanúnach ar shlándáil TFC agus RGCS (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí).

Tá córas iniúchóireachta inmheánach láidir ag Turasóireacht Éireann, d'fhonn a chinntiú go mbíonn na caighdeáin bainistíochta airgeadais is airde is féidir á gcothabháil againn. Déantar athbhreithniú ar anailís an riosca i rith na bliana agus formhuiníonn Coiste Iniúchóireachta agus Bainistiú Riosca na cuideachta é. Áirítear i gclár iniúchadh inmheánach na n-oibreacha obair mhionsonraithe iniúchadh feidhmíochta, tuarascáil a sholáthar ar ghníomhaíocht inmheánach iniúchta na Cuideachta ar bhonn rialta chuig an gCoiste Iniúchta agus Árachas Riosca agus tuairim neamhspleách maidir le leorgacht agus éifeachtúlacht chóras rialú airgid inmheánach na Cuideachta.

## Inbhuanaitheacht Shóisialta: leas ár láthair oibre agus an phobail

Tá Turasóireacht Éireann tiomnaithe do phlean a fhorbairt a dhéanfaidh ár láthair oibre níos inbhuanaithe agus a dhéanfaidh leas an phobail níos leithne ag an am céanna. Trí oibriú le caighdeáin inbhuanaitheachta shóisialta a ardú, is féidir linn cabhrú le pobail ar fud oileán na hÉireann leas níos cothroime a bhaint as an turasóireacht.

Tá sláinte agus folláine ár bhfostaithe ina thosaíocht againn. Aithnímid gur fearr a oibríonn daoine agus go mbíonn a bhfeidhmíocht níos airde agus níos inbhuanaithe nuair a bhíonn siad i ndea-shláinte agus nuair a mhothaíonn siad go bhfuil meas orthu. Tugann ár gcultúr, ár gceannaireacht agus an modh bainistíochta atá againn tacaíocht dó seo.

I mbliain inar cuireadh isteach go mór dár dtionscal, bhí baill foirne Thurasóireacht Éireann ag obair go dian leis 'na soilse a choinneáil ar lasadh' don earnáil. Mar a tharla in eagraíochtaí eile, bhí ar ár bhfoireann obair gan súil a bheith acu leis ón mbaile mar gheall ar phaindéim COVID-19.

D'fhonn tacú lenár bhfoireann sa tréimhse dúshlánach seo, rinne muid clár tacaí don bhfoireann a fhairsingiú agus a fhorbairt ar fud ár láithreacha domhanda, lena n-áirítear mol folláine ar inlíon inmheánach na foirne. Cuireann an mol acmhainní agus tacaíocht luachmhar ar fáil don bhfoireann ag amanna a oireann dóibh féin.

Mar chuid dár n-iarrachtaí chun ár gcumarsáid inmheánach a neartú, chuir Turasóireacht Éireann tús le físghlao seachtainiúil don bhfoireann go léir leis an bPríomhfheidhmeannach agus leis an Ardbhainistíocht. Cinntíonn an cruinniú seo timpeallacht oscailte dár láthair oibre. Tá clár Comhroinnt Eolais bunaithe againn chomh maith. Spreagann sé seo comhghleacaithe le hoideachas a thabhairt dá chéile i gcroí-scileanna a róil, agus dá réir sin eolas eagraíochtúil gach ball den bhfoireann a fhairsingiú.

Táimid ag obair ar phlean 'oibre cumaiscthe' a fhorbairt le deis a thabhairt don bhfoireann obair ón mbaile, comaitéireacht a laghdú agus rochtain Thurasóireacht Éireann ar réimse níos ilghnéithí d'fhoireann ionchasach a mhéadú.

Tá meas againn i dTurasóireacht Éireann ar an saibhreas a thagann le hilchineálacht chun an láthair oibre do na daoine agus do na páirtithe leasmhara. Tá cúlraí an-éagsúla ag baill na foirne agus a luachanna agus a aitheantas uathúil féin ag gach duine, agus tá meas againn orthu dá réir. Cuireann Turasóireacht Éireann fáilte roimh an ilchineálacht ag gach leibhéal den eagraíocht; táimid tiomanta do thimpeallacht chuimsitheach, chomhchuí, chothrom a bhaint amach agus a sholáthar le fíordheiseanna agus comhdheiseanna do chách, gan imeaglú ná idirdhealú de chineál ar bith.

Tá feasacht maidir le hilchineálacht agus ionchuimsiú san áireamh in oiliúint ionduchtaithe Thurasóireacht Éireann. Tá an ilchineálacht ina shnáithe i ngach próiseas atá ag Turasóireacht Éireann do dhaoine - lena n-áirítear earcaíocht, ionduchtú agus traenáil/oiliúint, agus sna luachanna eagraíochta a raibh cleachtadh forbartha againn ina leith don bhfoireann uile. Tá cur chuige comhtháite ag Turasóireacht Éireann i leith measa agus ionchuimsiú.

Tá sé d'aidhm againn cultúr a chothú a spreagann gach ball den bhfoireann lena c(h)umas iomlán a fhorbairt agus a chúitíonn iad ar son a ngnóthachtálacha. Le timpeallacht oibre ina bhfuil meas ar dhifríochtaí an duine aonair is féidir leis an bhfoireann uile a ndícheall a dhéanamh agus cabhraíonn sé linn freagairt ar bhealach níos éifeachtúla ar riachtanais na hearnála a bhfuil muid ag freastal uirthi. Is tosaíocht straitéiseach againn ár dtiomantas don oiliúint agus don fhorbairt.

Tugann muid aitheantas don ilchineálacht agus don ionchuimsiú inár gcumarsáid agus bíonn muid rannpháirteach i suirbhéann ranna maidir le feidhmiú ár mbeartais ilchineálachta. Tá muid i gcónaí ag iarraidh teacht ar bhealaí chun ár gcur chuige i leith na hilchineálachta agus an ionchuimsithe a fhorbairt agus a fheabhsú.

Chomh maith le hinbhuanaitheacht shóisialta a bhaint amach sa láthair oibre, tá muid ag obair chomh maith le tacú le hearnáil níos inbhuanaithe.

Agus scrios á dhéanamh ag COVID-19, d'aimsigh Turasóireacht Éireann bealaí nua le tacú lenár gcomhpháirtithe tionscail. Cé nach féidir le lucht saoire ón iasacht taisteal anseo faoi láthair, táimid ag tacú lenár gcomhpháirtithe sa tionscal turasóireachta ina bhfreagairt don COVID-19 agus ina bpleananna lena ngnó idirnáisiúnta a athghabháil. Mar shampla,

thionóil muid sraith seimineár gréasáin leis na tuiscintí is déanaí ónár gclár taighde COVID-19 a roinnt lenár gcomhpháirtithe turasóireachta. Cuireann na seimineáir ghréasáin seo an fhaisnéis is fearr is féidir ar fáil dár gcomhpháirtithe, rud atá ríthábhachtach don inbhuanaitheacht ghnó sa ré dhúshlánach seo.

Agus muid ag breathnú romhainn, tá sé beartaithe againn obair lenár gcomhpháirtithe sa tionscal le tosaíochtaí inbhuanaitheachta agus plean gníomhaíochta a bhunú dá réir. Leanfaimid ar aghaidh lenár n-idirghabháil leis na ranna a dhéanann urraíocht orainn maidir leis an inbhuanaitheacht a chur chun cinn ina ndlínsí; agus déanfaimid iarracht fóraim nua a bhunú le hoibriú ar bhonn trí ghníomhaireachta chun iad seo a sheachadadh.

Tá Turasóireacht Éireann tiomanta do inbhuanaitheacht na hearnála a chur chun cinn d'fhonn cion na turasóireachta i leith cháilíocht na beatha, na heacnamaíochta, na fostaíochta agus na bpobal áitiúla a uasmhéadú.

## Clár Leasanna na Stiúrthóirí

Coinnítear Clár Leasanna na Stiúrthóirí in oifig chláraithe na Cuideachta. Tá sé ar fáil don phobal agus is féidir rochtain a fháil air ach teagmháil a dhéanamh le Rúnaí na Cuideachta.

Thar ceann an Bhoird

Joan O'Shaughnessy

*Cathaoirleach*

Dáta: 6 Deireadh Fómhair 2021

Christopher Brooke

*Stiúrthóir*



## Ráiteas maidir le Freagrachtaí na Stiúrthóirí

## don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2020

Tá sé riachtanach de réir dlí na gcuideachtaí ráitis airgeadais a ullmhú le haghaidh gach tréimhse airgeadais a sholáthraíonn léargas fíor agus cothrom ar staid chúrsaí na cuideachta agus ar fharasbarr nó easnamh na cuideachta don tréimhse airgeadais sin. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú aige, ceanglaítear ar an mBord Stiúrtha:

- beartais chuntasaíochta chuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ansin;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- aon imeachtaí ábhartha ó na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme a nochtadh agus a mhíniú, agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach, ach amháin sa chás nach cuí a ghlacadh leis go leanfaidh an Chuideachta i mbun gnó.

Tá an Bord Stiúrthóirí freagrach as taifid chuí cuntais a choimeád a nochtann stádas airgeadais na Cuideachta go réasúnta cruinn agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais ag cloí le hAchtanna na gCuideachtaí 2014, mar atá infheidhmithe do chuideachtaí le ráthaíocht theoranta gan scairchaipiteal. It is responsible

Tá sé freagrach as a chinntiú go ndéantar gnó an aonáin i slí cheart rialta agus as sócmhainní na Cuideachta a chosaint agus dá réir sin, as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

Thar ceann an Bhoird

Joan O’Shaughnessy

*Cathaoirleach*

Christopher Brooke

*Stiúrthóir*

Dáta: 6 Deireadh Fómhair 2021



## Tuarascáil Luach Saothair

## don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2020

De réir Treoir Feidhmíochta agus Cuntas na gComhlachtaí Thuaidh Theas, comhfhoilsithe ag an Roinn Airgeadais sa Tuaisceart agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe sa Deisceart, ní mór luach saothar agus teidlíochtaí pinsin bhaill foirne sinsearacha áirithe a nochtadh. Bunaithe ar chomhairle dlí gur sárú ar an reachtaíocht um chosaint sonraí a bheadh sna nochtuithe seo, níl na nochtuithe seo déanta ag Turasóireacht Éireann.

Éilítear ar Thurasóireacht Éireann luach saothar airmheánach na foirne a nochtadh. Tá sé seo bunaithe ar luach saothair bliantúil, chóibhéis lánaimseartha na foirne uile mar a bhí ar an 31 Nollaig 2020. Ní mór chomh maith raon luach saothair na foirne agus an choibhéis idir luach saothar airmheánach na foirne an stiúrthóra is mó tuarastail a nochtadh.

Bhí luach saothair an stiúrthóra is mó tuarastail in 2019 cothrom le €191,790 (£170,578) (2019: €187,496, £164,494). Ba ionann sin agus 3.79 oiread tuarastail airmheánaigh sa bhfórsa oibre a bhí cothrom le €50,646 (£45,045), (2019: €49,449, £43,382).

Tá tuarastal san áireamh sa luach saothar iomlán. Ní áirítear ranníocaíocht pinsin an fhostóra ná coibhéis airgid luach aistithe pinsean.

Stiúrthóir/Ball Foirne is airde pá   Luach saothair airmheánach na foirne Cóimheas Raon luach saothar na foirne

## Cúiteamh ardbhainistíochta

Tá an Fhoireann Ardbhainistíochta comhdhéanta den Phríomhfheidhmeannach, Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha/Rúnaí na Cuideachta, Stiúrthóir na Margaí agus Stiúrthóir na Margaíochta Lárnaí. Íocadh €645,782 (£574,360) (2019: €629,792 (£552,529)). san iomlán leis an bhFoireann Ardbhainistíochta in 2020.

## Beartas Luach Saothair

Tá sé de bheartas ag Turasóireacht Éireann tuarastail/téarmaí agus coinníollacha do lucht foirne atá bunaithe ar oileán na hÉireann a leanúint/ailíniú go dlúth leo agus coinníollacha an mhargaidh a leanúint do lucht foirne i ndlínsí thar lear.

## Conarthaí Seirbhíse

Déantar ceapacháin sinsearacha bainistíochta de réir bheartas earcaíochta agus roghnaithe Thurasóireacht Éireann, a éilíonn go ndéantar ceapachán ar bhonn oiriúnachta agus iniúlachta. Faigheann gach ball foirne conradh fostaíochta ar a gceapadh, le sonraí faoina dtéarmaí agus a gcoinníollacha.

| Iolraigh pá | 2020 € | 2019 € | 2018 € | 2019 € |
|---|---|---|---|---|

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Stiúrthóir/Ball Foirne is airde pá | 191,790 | 187,496 | 174,547 | 164,494 |
| Luach saothair airmheánach na foirne | 50,646 | 49,449 | 47,608 | 43,382 |
| Cóimheas | 3.79 | 3.79 | 3.67 | 3.79 |
| Raon luach saothar na foirne | €18,129 go €191,790 | €17,894 go €187,496 | €17,526 go €174,547 | £15,699 go £164,494 |

## Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach / Ráiteas Rialála

## don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2020

Aithníonn an Bord a fhreagracht i leith a chinntiú go ndéanann an Chuideachta córas éifeachtúil um rialú inmheánach airgeadais a chothú agus a fheidhmiú.

Ní féidir leis an gcóras ach urrús réasúnach seachas urrús absalóideach a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó go dtabharfaí iad faoi deara in am tráthúil.

Tá an córas um rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar chreatlach de bhainistiú rialta faisnéise, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear leithscaradh dualgas, agus córas tarmligin agus cuntasachta. Tá na nithe seo a leanas go háirithe san áireamh.

- Córais bhuiséadaithe chuimsitheacha le buiséad bliantúil atá athbhreithnithe agus aontaithe ag an mBord;
- Athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a léiríonn feidhmiú airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí
- Spriocanna a leagan amach chun feidhmíocht airgeadais agus eile a thomhas;
- Treoirlínte maidir le rialú infheistíochta caipitil a shainmhíniú go soiléir;
- Rialacha a shainmhíniú go soiléir le cinntiú gur leanadh nósanna imeachta soláthair phoiblí;
- Disciplíní foirmiúla cuí um bhainistíocht tionscadail.

  Cuimsíonn an creat thuas téarmaí an Mheabhrán Airgeadais lena ndéantar Turasóireacht Éireann a rialú d'fhonn comhlíonadh a chinntiú.

## COVID-19

Aithníonn an Bord gur cás neamhghnách í an phaindéim COVID-19 agus, i gcomhar leis an mbainistíocht, tá monatóireacht á dhéanamh ar an tarlú ar bhonn leanúnach. Tá an gnó ag leanúint ar aghaidh le bearta i bhfeidhm leis an bhfoireann agus páirtithe leasmhara an Bhoird a chosaint. Tá an fhoireann ag obair ó chian agus na seirbhísí á gcur ar fáil i gcónaí, ach i bhfianaise na bhfadhbanna agus na srianta sa tionscal taistil agus turasóireachta, cuireadh gach gníomhaíocht íoctha margaíochta ar fionraí. Go dtí seo, tá na hoibríochtaí agus formhór gníomhaíochtaí an aonáin ag leanúint ar aghaidh, ach ar leibhéal atá laghdaithe go mór. Cé nach féidir leis an mBord tionchar COVID-19 ar a shreabhadh airgid a thuar go cruinn, tá monatóireacht ghéar á dhéanamh ar fheidhmíocht agus ar oibriúcháin na Cuideachta.

## Creat Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistiú riosca curtha i bhfeidhm ag Turasóireacht Éireann lena ndéantar príomhrioscaí agus na gníomhaíochtaí bainistíochta lena dtabharfar faoina réiteach a aithint agus a thuairisciú, agus leis na rioscaí a mhaolú a oiread is féidir.

Tá clár rioscaí ann ina n-aithnítear na príomhrioscaí atá ann do Thurasóireacht Éireann CLG agus tá siad aitheanta, luacháilte agus grádaithe de réir tábhachta. Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Árachas Riosca athbhreithniú agus uasdátú go rialta ar an gclár. Úsáidtear torthaí na n-athbhreithnithe le haghaidh pleanála agus le hacmhainní a leithdháileadh le cinntiú go ndéantar bainistiú sásúil ar na rioscaí. Tá sonraí na rialuithe agus na ngníomhaíochtaí atá riachtanach le rioscaí a mhaolú ar fáil sa chlár rioscaí agus sanntar oibriú na rialuithe chuig baill foirne ar leith mar dhualgas.

## Faireachán agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmeáilte bunaithe le faireachán a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaithe a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don Bhord, mar is cuí, ar bhealach tráthúil.

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánach i bhfeidhm ag Turasóireacht Éireann CTR, a bhfuil a chlár oibre faoi thionchar anailís an riosca a bhfuil neamhchosaint ag an gCuideachta ina leith. Tá iniúchadh inmheánach ullmhaithe atá bunaithe ar an anailís seo. Déantar athbhreithniú ar anailís an riosca i rith na bliana agus formhuiníonn Coiste Iniúchóireachta agus Bainistiú Riosca na Cuideachta é. Áirítear i gclár iniúchadh inmheánach na n-oibreacha obair mhionsonraithe iniúchadh feidhmíochta, tuarascáil a sholáthar ar ghníomhaíocht inmheánach iniúchta na Cuideachta ar bhonn rialta chuig an gCoiste Iniúchta agus Árachas Riosca agus tuairim neamhspleách maidir le leorgacht agus éifeachtúlacht chóras rialú airgid inmheánach na Cuideachta. Áirítear sna réimsí a clúdaíodh le hiniúchadh inmheánach ina gclár oibre 2020 athbhreithnithe ar Oifig nua Margaidh Nua Eabhrac, Rialuithe Inmheánacha Airgeadais, Rialuithe Ginearálta Teicneolaíocht Faisnéise, Conarthaí Margaíochta agus Meáin Shóisialta.

Déanann an Bord measúnú ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais ar bhonn na hoibre a dhéanann na bainisteoirí feidhmiúcháin laistigh den Chuideachta atá freagrach as forbairt agus cothabháil na creatlaí um rialú airgeadais. Agus an t-athbhreithniú á dhéanamh acu, cuireann an Bord litir na bainistíochta agus tuarascálacha eile an iniúchóra inmheánaigh san áireamh.

Rinne an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais um rialuithe inmheánacha i mí Feabhra 2021, agus ba é tuairim an Bhoird go raibh na rialuithe seo á bhfeidhmiú go héifeachtach agus go sásúil.

Thar ceann an Bhoird

Joan O'Shaughnessy

*Cathaoirleach*

Niall Gibbons

*Príomhfheidhmeannach*

Dáta: 6 Deireadh Fómhair 2021





## TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE

### Tuarascáil le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020

### Tuairim i leith na Ráitis Airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Thurasóireacht Éireann Teoranta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020 faoi fhorálacha alt 5 de Acht an Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (leasú) 1993. Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta den ráiteas ioncaim agus caiteachais, an ráiteas ioncaim chuimsitheach, ráiteas maidir le staid airgeadais, an ráiteas maidir le hathruithe i gcothromas, an ráiteas sreafaí airgid agus na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar na beartais shuntasacha cuntasaíochta.

Is é mo thuairim maidir leis na ráitis airgeadais:

- go dtugtar léargas fíorcheart iontu ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais Thurasóireacht Éireann CPT amhail an 31 Nollaig 2020 agus ar a ioncam agus a chaiteachas i leith na bliana 2019;
- go bhfuil siad ullmhaithe i gceart de réir Caighdeán Tuairisceoireachta Airgeadais (FRS) 102 - an caighdeán tuairisceoireachta airgeadais atá i bhfeidhm don RA agus do Phoblacht na hÉireann, agus
- go bhfuil siad ullmhaithe i gceart de réir Acht na gCuideachtaí 2014.

### Bunús na tuairime

Rinne mé iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISA) mar atá curtha chun cinn ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nArd-Fhoras Iniúchóireachta. Mínítear mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin seo san aguisín leis an tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ón gcuideachta agus go mo chuid dualgas eiticiúla comhlíonta agam de réir na gcaighdeán.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchóireachta atá faighte agam dóthaineach agus cuí mar bhonn do mo thuairim.

### Conclúidí maidir le Gnóthas Leantach

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe ag na stiúrthóirí ar bhonn gnóthas leantach. Mar a mhínítear san aguisín leis an tuarascáil seo, déanaim conclúid ar

- oiriúnacht úsáid gnóthas leantach a úsáid mar bhonn cuntasaíochta ag na stiúrthóirí, agus
- an bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann maidir le himeachtaí nó coinníollacha a chaitheadh amhras mór ar chumas na cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.

Níl tada le tuairisciú agam maidir leis seo.

### Tuairim maidir le hábhair atá sainordaithe in Acht na gCuideachtaí 2014

Bunaithe ar an obair a rinneadh le linn mo iniúchadh amháin, tuairiscím

- I mo thuairim, tá an fhaisnéis i dtuarascáil na stiúrthóirí ag réiteach leis na ráitis airgeadais, agus

- ullmhaíodh tuarascáil na stiúrthóirí de réir Acht na gCuideachtaí 2014.

Tá an t-eolas go léir faighte agam agus na míniúcháin a cheapaim a bheith riachtanach le haghaidh chuspóirí m'iniúchadh.

Is é mo thuairim go raibh taifid chuntasaíochta na cuideachtaleordhóthanach ionas go bhféadfaí iniúchadh furasta, cuí a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus aontaíonn siad leis na taifid airgeadais.

Éilítear orm le hAcht na gCuideachtaí 2014 a thuairisciú mura bhfuil, i mo thuairim, nochtuithe luach saothar na stiúrthóirí agus na mbeartas a éilítear in ailt 305 go 312 den Acht déanta. Níl tada le tuairisciú agam maidir leis seo.

## Tuairisc ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ábhair eile

Tá faisnéis áirithe eile curtha ar fáil ag na stiúrthóirí leis na ráitis airgeadais. Tá sí seo comhdhéanta den tuarascáil bhliantúil lena n-áirítear tuarascáil na stiúrthóirí, an tuarascáil luach saothair agus an ráiteas maidir leis an gcóras inmheánach rialaithe/ ráiteas rialachais. Mínítear mo chuid dualgas ó thaobh na faisnéise seo a thuairisciú, agus ábhair áirithe eile a ndéanaim tuairisciú mar eisceacht orthu, san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl tada le tuairisciú agam maidir leis seo.

Seamus McCarthy

*An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste*

Dáta: 14 Deireadh Fómhair 2021

TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE

AGUISÍN LEIS AN TUARASCÁIL

Freagrachtaí na Stiúrthóiri

Mínítear i ráiteas freagrachtaí na stiúrthóirí go bhfuil na stiúrthóirí freagrach as

- chur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

  mar atá ordaithe faoi Acht na gCuideachtaí 2014

- a chinntiú go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor cothrom de réir FRS102
- rialtacht na mbearta a chinntiú
- a mheasúnú an bhfuil úsáid an bhonn tráchtála leanúnach oiriúnach, agus
- cibé rialú inmheánach a mheasann siad atá riachtanach d'fhonn ullmhú na ráiteas airgeadais a chumasú ionas go mbíonn siad saor ó mhíthuairiscí, cibé acu de bharr calaoise nó earráide.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá dualgas orm faoi alt 5 de Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais Thurasóireacht Éireann agus tuairisciú dá réir chuig Tithe an Oireachtais.

Tá sé de chuspóir agam agus iniúchadh á dhéanamh agam cinnteacht réasúnach a fháil go bhfuil na ráitis airgeadais ar an iomlán saor ó mhíthuairisc ábhartha de bharr calaoise nó earráide. Is leibhéal ard cinnteachta é cinnteacht réasúnach, ach ní thugann sé rathúnas go n-éireoidh le hiniúchadh a dhéantar de réir ISA i gcónaí míthuairisc ábhartha a bhraith nuair is ann dó. Is féidir le míthuairiscí eascairt as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más féidir a bheith ag súil go réasúnta go mbeadh tionchar acu ar chinntí airgeadais na n-úsáidreoirí a dhéantar ar bhonn na ráiteas airgeadais seo, ina n-aonar nó le chéile.

Mar chuid den iniúchadh de réir ISA, cleachtaim breith ghairmiúil agus bíonn amhras gairmiúil orm le linn an iniúchta. Agus seo á dhéanamh agam

- Déanaim rioscaí míthuairisce ábhartha a aithint agus a mheasúnú sna ráitis airgeadais, cibé acu de bharr calaoise nó earráide; dearaim nósanna imeachta le freagairt do na rioscaí seo agus feidhmím iad; agus faighim fianaise iniúchta atá dóthaineach agus cuí le bonn a chur le mo thuairim. Is mó an riosca nuair nach mbraitear míthuairisc ábhartha de bharr calaoise ná earráid, mar gur féidir le claonpháirtíocht, calaois, easnamh d'aon ghnó, bréagléiriú, nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchta a dhearadh atá oiriúnach do na cúinsí, ní ar mhaithe le tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.

Déanaim oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta a úsáideach a mheas, agus réasúnacht na meastachán cuntasaíochta agus na nochtuithe gaolmhara.

Déanaim conclúid ar oiriúnacht úsáid an bhonn cuntasaíochta gnó leantach agus, bunaithe ar an fhianaise iniúchta a fhaightear, ar an bhfuil éiginnteacht ábhartha ann maidir le himeachtaí nó coinníollacha a chaithfheadh amhras suntasach ar chumas Thurasóireacht Éireann leanúint ar aghaidh mar ghnó leantach. Más é mo chonclúid go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, ní mór dom aird a dhíriú i mo thuarascáil ar na nochtuithe gaolmhara sna ráitis airgeadais, nó, mura bhfuil na nochtuithe sásúil, mo thuairim a mhaolú. Tá mo chuid conclúidí bunaithe ar an fhianaise iniúchta a fuarthas suas go dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh imeachtaí nó coinníollacha sa todhchaí deireadh a chur leis an gcuideachta mar ghnó leantach áfach.

Déanaim measúnú ar aon gcur i láthair foriomlán, ar struchtúr agus inneachar na ráitis airgeadais, lena n-áirítear nochtuithe, agus ar an léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus na himeachtaí bunaidh ar bhealach a bhaineann cur i láthair cothrom amach.

Déanaim cumarsáid leo siúd a bhfuil ceangal rialachais orthu maidir le scóip bheartaithe agus tráthúlacht an iniúchta agus torthaí suntasacha ón iniúchadh, lena n-áirítear aon easnamh suntasach i rialú inmheánach atá aitheanta agam le linn mo iniúchta.

## Faisnéis seachas faisnéis ó na ráitis airgeadais

Ní chlúdaítear an fhaisnéis eile a thugtar sna ráiteas seo i mo thuairim ar na ráitis airgeadais, agus ní thugaim aon ghealltanas conclúideach fúthu.

Maidir le mo iniúchadh ar na ráitis airgeadais, tá dualgas orm faoi na ISA an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh, agus nuair a dheinim sin, a mheas an bhfuil an fhaisnéis eile sin ag teacht leis na ráitis airgeadais nó nach bhfuil nó le heolas a fhaightear le linn an iniúchta, nó go bhfuil míthuairisciú déanta ar bhealach eile. Más é mo chonclúid, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil míthuairisciú déanta san fhaisnéis eile seo, tá dualgas orm an fhíric seo a thuairisciú.

## Tuairisciú ar Ábhair eile

Déantar m'iniúnadh trí thagairt do na gnéithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus a n-oibriú. Más léir dom gur ann do nithe ábhartha eile a bhaineann leis an mbealach a reáchtáladh gnó poiblí.

Féachaim chomh maith le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais i rith an iniúchta. Tuairiscím má thugaim cás ábhartha ar bith faoi deara nár úsáideadh airgead don chuspóir a bhí beartaithe dó, nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú.

## RÁITEAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS
don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2020

| | | 2020<br>€ | 2019<br>€ | 2020<br>STG£ | 2019<br>STG £ |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | € | € | £ |
| | Nótaí | (000) | (000) | (000) | (000) |
| Ioncam Iomlán | 2 | 62,269 | 81,397 | **55,382** | 71,411 |
| Lúide Caiteachas | 3 | (50,263) | (78,960) | (44,704) | (69,273 |
| Aistriú ó Chúlchiste Deontais an Rialtais | | 81 | 220 | 72 | 193 |
| **(Easnamh)/Barrachas Ioncaim thar caiteachas** | | 12,087 | 2,657 | 10,750 | 2,331 |

## RÁITEAS CUIMSITHEACH IONCAIM
don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2020

| | | **2020** | **2019** | **2020** | **2019** |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **€** | **€** | **€** | **€** |
| | Nótaí | | **(000)** | **(000)** | |
| Barrachas/(Easnamh) ioncaim thar caiteachas | | 12,087 | 2,657 | 10,750 | 2,331 |
| Gnóthachan achtúireach ar dhliteanais phinsin | 14d | (11,900) | (10,569) | 1,627 | (8,949) |
| Coigeartú ar mhaoiniú pinsin Iarchurtha | | 11,900 | 10,569 | 10,658 | 8,949 |
| (Caillteanas)/Gnóthachan iomlán aitheanta | | 12,087 | 2,657 | 10,750 | 2,331 |

Baineann gach ioncam agus caiteachas don bhliain le gníomhaíochtaí leanúnacha ag dáta an chlár comhardaithe. Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas um Sreafaí Airgid agus Nótaí 1 go 21. Thar ceann an Bhoird

Joan O'Shaughnessy

*Cathaoirleach*

Christopher Brooke

*Stiúrthóir*

Dáta: 6 Deireadh Fómhair 2021



## Ráiteas Maidir le Seasamh Airgeadais

## Ar 31 Nollaig 2020

| | | **2020** | **2019** | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **€** | **€** | £ | £ |
| | Nótaí | **(000)** | **(000)** | **(000)** | (000) |
| Sócmhainní Seasta | | | | | |
| Doláimhsithe | 7 | - | - | - | |
| Maoin, Gléasra agus Trealamh | 8 | **1,418** | **1,499** | **1,270** | **1,269** |
| | | **1,418** | 1,499 | 1,270 | 1,269 |
| Sócmhainní Reatha | | | | | |
| Méideanna infhála | 9 | **989** | 4,573 | 886 | 3,872 |
| Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Tirim | | **21,326** | 13,273 | 19,100 | 11,238 |
| | | **22,315** | 17,846 | 19,986 | 15,110 |
| Dliteanais Reatha | | | | | |
| (Suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin) | | | | | |
| Iníoctha | 10 | **(6,697 )** | (14,315) | **(5,998)** | **(12,120)** |
| Glan-Sócmhainní Reatha | | | 3,531 | **13,998** | **2,990** |
| | | | | | |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Sochair Scoir**<br>Maoiniú pinsin iarchurtha<br>Dliteanais Pinsin | <br>14f<br>14c | <br>**89,915**<br>**(89,915** ) | <br>75,349<br>(75,349) | <br>80,528<br>(80,528 ) | <br>63,798<br>(63,798) |
| | | | - | | - |
| Glansócmhainní Iomlána | | **17,036** | 5,030 | **15,258** | 4,259 |
| Léirithe ag:<br>Cuntas ioncaim agus caiteachais<br>Cúlchiste Deontais an Rialtais | | <br>15,618<br>1,418 | <br>3,531<br>1,499 | <br>13,988<br>1,270 | <br>2,990<br>1,269 |
| | | 17,036 | 5,030 | 15,258 | 4,259 |

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas um Sreafaí Airgid agus Nótaí 1 go 21. Thar ceann an Bhoird

Joan O'Shaughnessy Christopher Brooke

*Cathaoirleach Stiúrthóir*

Dáta: 6 Deireadh Fómhair 2021

## RÁITEAS MAIDIR LE HATHRUITHE I GCOTHROMAS
## don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2020

### Cúlchiste an Chuntas ioncaim agus caiteachais

| | **2020** | **2019** | **2020** | **2019** |
|---|---|---|---|---|
| | **€ (000)** | € (000) | **STG£ (000)** | **STG£ (000)** |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | **3,531** | 874 | **2,990** | 740 |
| Barrachas (Easnamh) don Bhliain | **12,087** | 2,657 | **10,750** | 2,331 |
| (Caillteanas/)Gnóthachan achtúireach | **(11,900)** | (10,569) | **(10,658 )** | (8,949) |
| Maoiniú pinsin iarchurtha | **11,900** | 10,569 | **10,658** | 8,949 |
| Gnóthachan/(Caillteanas) Malartáin | **-** | - | **248** | (81) |
| Iarmhéid ag 31 Nollaig | **15,618** | 3,531 | **13,988** | 2,990 |

### Cúlchiste Deontais an Rialtais
Iarmhéid ag 1 Eanáir

| | **2020** | 2019 | **2020** | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | **€ (000)** | € (000) | **STG£ (000)** | STG£ (000) |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | **1,499** | **1,719** | **1,269** | **1,537** |
| Deontais úsáidte le réadmhaoin, gléasra agus trealamh a cheannach | **266** | 137 | **236** | 120 |
| Amúchadh de réir Dímheas Sócmhainní | **(347)** | (356 ) | **(308)** | (312) |
| Suim scaoilte ar dhiúscairt réadmhaoine, gléasra agus trealaimh | - | (1) | - | (1) |
| Gnóthachan/(Caillteanas) Malartáin | **-** | - | **73** | (75) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | **1,418** | 1,499 | **1,270** | 1,269 |
| **Cothromas Iomlán ag Deireadh na Bliana** | 17,036 | 5,030 | **15,258** | 4,259 |

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas um Sreafaí Airgid agus Nótaí 1 go 21. Thar ceann an Bhoird

Joan O'Shaughnessy Christopher Brooke

*Cathaoirleach Stiúrthóir*

Dáta: 6 Deireadh Fómhair 2021



RÁITEAS SREAFAÍ AIRGID
don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2020

| | | **2020** | **2019** | **2020** | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|
| | Nótaí | **€ (000)** | **€ (000)** | **STG£ (000)** | STG£ (000) |
| Insreabhadh Glan Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin: | 12 | **8,319** | 2,422 | **8,098** | 1,529 |
| Íocaíochtaí le maoin, gléasra agus trealamh a fháil | | **(266)** | (137) | **(236)** | (120) |
| Glan ardú/(ísliú( in airgead agus i gcóibhéisí airgid | 13 | **8,053** | 2,285 | **7,862** | 1,409 |
| Airgead agus cóibhéisí airgid ag tús na bliana | | **13,273** | 10,988 | **11,238** | 9,829 |
| Airgead agus cóibhéisí airgid ag deireadh na bliana | | **21,326** | 13,273 | **19,100** | 11.238 |

Thar ceann an Bhoird

Joan O'Shaughnessy Christopher Brooke

*Cathaoirleach   Stiúrthóir*

Dáta: 6 Deireadh Fómhair 2021



## Ráiteas maidir le Beartais Chuntasaíochta

## Ar 31 Nollaig 2020

Is iad seo a leanas na beartais shuntasacha chuntasaíochta a ghlac an Chuideachta:

### Beartais Chuntasaíochta

Leagtar amach bunús ullmhúchán agus beartais shuntasacha cuntasaíochta Thurasóireacht Éireann CTR thíos. Cuireadh i bhfeidhm iad ar bhonn comhsheasmhach ar feadh na bliana agus i leith na bliana roimhe sin.

### Ráiteas Comhlíontachta

Ullmhaíodh ráitis airgeadais Thurasóireacht Éireann CLG don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2020 de réir FRS102, an caighdeán tuairisceoireachta airgeadais atá i bhfeidhm sa RA agus in Éirinn agus atá eisithe ag an Chomhairle Tuairisceoireachta Cairte (FRC), mar atá i bhfeidhm ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann agus, ach amháin mar a luaitear, comhlíonann siad riachtanais Thuarascálacha Bliantúla na gComhlachtaí Feidhmithe Thuaidh Theas atá eisithe ag an Roinn Airgeadais agus ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

### Bunús Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, cé is moite de shócmhainní agus dliteanais áirithe a rinneadh a thomhas ar a luach cóir mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. Cuireadh na beartais chuntasaíochta a leanas i bhfeidhm go seasta ag plé le míreanna a measadh a bheith ábhartha maidir le ráitis airgeadais Thurasóireacht Éireann CTR.

### Breithiúnais agus Meastacháin Ghéibheannacha Cuntasaíochta

Chun na ráitis airgeadais a ullmhú, ní mór don lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar na méideanna arna dtuairisciú i leith sócmhainní agus dliteanas amhail ar dháta an chláir comhardaithe agus ar na méideanna arna dtuairisciú i leith ioncaim agus caiteachais i rith na bliana. Mar sin féin, toisc gur meastachán atá i gceist, d'fhéadfadh na torthaí iarbhír a bheith difriúil ó na meastacháin sin. Seo a leanas na breithiúnais a raibh an tionchar ba shuntasaí acu ar na méideanna atá aitheanta sna ráitis airgeadais:

#### *a) Dímheas agus Luachanna Iarmharacha*

Tá saolta sócmhainne agus na luachanna gaolmhara iarmharacha do gach aicme sócmhainne seasta athbhreithnithe ag na Stiúrthóirí, agus go háirithe saol úsáideach eacnamaíoch agus luachanna iarmharacha daingneán agus feisteas, agus tá siad den tuairim go bhfuil na luachanna iarmharacha oiriúnach.

#### *b) Oibleagáid um shochair scoir*

Deimhnítear nuashonraí go bliantúil ar na toimhdí bunúsacha sna luachálacha achtúireacha lena n-aithnítear na suimeanna (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe i leibhéil chúitimh sa todhchaí, rátaí mortlaíochta agus rátaí treochta chostas sláinte) sna ráitis airgeadais, bunaithe ar na tosca reatha eacnamaíocha eacnamaíocha agus le haghaidh aon athruithe ábhartha ar théarmaí agus ar choinníollacha an phinsin agus na bpleananna iar-scoir.

Féadfaidh na nithe seo a leanas tionchar a imirt ar na toimhdí:

1. (i) an ráta lascaine, athruithe sa ráta sochair ar bhannaí ardcháilíochta corparáideacha
2. (ii) leibhéil chúitimh na todhchaí, coinníollacha an mhargadh saothair sa todhchaí

## Ioncam

Mínítear ioncam ar bhonn infhála Cuirtear gach ioncam deontais chun sochair chuig an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais sa tréimhse chuntasaíochta ina n-éilítear é ó na heagraíochtaí maoinithe.

## Caiteachas

Ionsúnn an hCuideachta CBL agus cánacha díolacháin áitiúla le córas athghabhála teoranta atá comhaontaithe leis na hÚdaráis Ioncaim.  Gearrtar caiteachas fógraíochta agus margaíochta uile, lena n-áirítear costais tabhaithe ar tháirgeadh míreanna foilseacháin nach bhfaightear aon ioncam dóibh, don Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais sa tréimhse airgeadais inar tobhadh iad.

## Méideanna infhála

Luaitear Féichiúnaithe Trádála tar éis soláthar a dhéanamh le haghaidh drochfhiacha agus fiacha amhrasacha sonraithe.

## Sócmhainní Doláimhsithe Seasta

Amúchtar sócmhainní doláimhsithe seasta le saol teoranta thar tréimhse ionchas úsáideach a saoil trí ranníocaíochtaí cothroma bliantúla a chur chun dochair don Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais.  Baineann an saol úsáideach chun sócmhainní teoranta doláimhsithe a amúchadh le feidhmíocht na sócmhainní a fhaightear sa todhchaí, agus le breithiúnas na bainistíochta faoin tréimhse a mbainfear leas eacnamaíoch as an tsócmhainn.

## Maoin, gléasra agus trealamh

Tá maoin, gléasra agus trealamh luaite ar a gcostas lúide dímheas carntha. Déantar soláthar don dímheas ag rátaí atá ríofa le costas lúide luach iarmharach a dhíscríobh thar an saol úsáideach atá ceaptha dó, ar bhonn líne díreach. Díscríobhtar bogearra ríomhaireachta a cheannaítear nó a fhorbraítear in-tí de ghnáth ar bhliain a cheannaithe mura féidir a chruthú go bhfuil luach athdhíola aige.

## Airgeadraí Coigríche

Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta atá ainmnithe in airgeadra coigríche go euro ag na rátaí malartáin atá i bhfeidhm ar dháta an chlár comhardaithe. Déantar idirbhearta in airgeadraí coigríche a thaifeadadh ag rátaí seasta caighdeánacha don bhliain le haghaidh gach airgeadra réadaithe ag am na híocaíochta. Tógtar gnóthachain agus caillteanais réadaithe go dtí an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais.

Nochtadh méideanna aistrithe sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais, sa Ráiteas Sreafaí Airgid, sa Ráiteas ar Sheasamh Airgeadais agus sna nótaí gaolmhara in euro (€) le suimeanna achomair tugtha i Sterling (STG£).

## Sochair Scoir

Chuir na Comhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh Theas agus Turasóireacht Éireann Teoranta an Scéim Pinsin Thuaidh Theas le feidhm ón 29 Aibreán 2005 Is scéim sochar pinsean sainmhínithe í atá maoinithe go bliantúil ar bhonn íoc mar a úsáidtear. Tá an scéim á riaradh ag riarthóir seachtrach. Bíonn maoiniú á sholáthar ó Rialtas na hÉireann tríd an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt roimhe seo) agus ó Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann tríd an Roinn Eacnamaíochta (an Roinn Fiontar, Trádála agus Infheistíochta roimhe seo), agus maoinítear an riarthóir as sin.

Léiríonn costais phinsin na sochair phinsin a thuilleann na fostaithe le linn na tréimhse. Aithnítear méid a fhreagraíonn don mhuirear pinsin mar ioncam sa mhéid go mbeadh sé inghnóthaithe sa todhchaí trí ioncam deontais nó maoiniú eile chuig an riarthóir, go bhfuil sé in-aisghabhála, agus go bhfuil sé seach-churtha ag íocaíochtaí pinsin a rinneadh i rith na bliana.

the administrator, it is recoverable, and offset by pension payments made in the year.

Tá gnóthachain nó caillteanais achtúireacha ag eascairt as athruithe ar thoimhdí achtúireacha agus as barrachais agus easnaimh taithí léirithe sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid atá inghnóthaithe ó Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann agus ó Rialtas na hÉireann.

Léiríonn dliteanais phinsin luach láithreach íocaíochtaí pinsin sa todhchaí atá gnóthaithe ag fostaithe go dtí seo. Léiríonn maoiniú pinsin iarchurtha sócmhainn chomhfhreagrach ar acmhainní iad atá le cur ar fáil i dtréimhsí sa todhchaí ó Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann agus ó Rialtas na hÉireann, sa tslí a luaitear thuas.

Aithnítear sa Ráiteas ar Sheasamh Airgeadais an dliteanas carnach le haghaidh pinsin atá tuillte ag fostaithe ag deireadh na bliana mar aon le sócmhainn chomhfhreagrach.

I gcomhréir leis an gcleachtas cuntasaíochta do chomhlachtaí Stáit neamhthráchtála i bPoblacht na hÉireann,

aithníonn Turasóireacht Éireann sócmhainn a sheasann d'acmhainní atá le cur ar fáil ag státchistí na RA agus na hÉireann ar son dliteanas neamh-mhaoinithe do phinsin ar bhonn imeachtaí áirithe ón aimsir chaite. Áirítear sna himeachtaí sin an tacaíocht reachtúil do scéimeanna aoisliúntais, agus an beartas agus an cleachtas maidir le pinsin seirbhís phoiblí a mhaoiniú i ngach dlínse agus an próiseas meastacháin bliantúil san áireamh. Cé nach bhfuil aon chomhaontú foirmiúil ann agus dá bhrí sin nach bhfuil aon ráthaíocht i leith na méideanna sonracha seo leis na forais mhaoinithe, níl aon fhianaise ag Turasóireacht Éireann nach leanfar ar aghaidh leis an mbeartas maoinithe seo sa todhchaí.

Déantar ranníocaíochtaí chuig roinnt scéimeanna pinsean pearsanta atá á bhfeidhmiú ag baill foirne nach bhfuil ina mbaill de scéim sochair sainmhínithe. Áirítear íocaíochtaí a dhéantar faoi gach scéim sa Ráiteas Ioncam agus Caiteachais sa bhliain lena mbaineann siad.

### Sócmhainní ar Léas

Déantar caipitliú ar shócmhainní a fhaightear faoi léasanna mar shócmhainní seasta agus dímheastar iad de réir gnáthbheartas na Cuideachta.  Taifeadtar mar iníoctha an dliteanas comhfhreagrach agus gearrtar an ghné úis den íocaíocht léas airgeadais ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais ar bhonn blianachta. Gearrtar ligean ar léas ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais ar bhonn líne dírí thar tréimhse an léasa.

### Cúlchiste Deontais an Rialtais

Léiríonn Cúlchiste Deontais an Rialtais an luach neamh-amúchta d'ioncam deontais a úsáidtear chun críocha caipitiúla.

## NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

## don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2020

### 1. Formáid na Ráitis Airgeadais

Tá formáid na dtorthaí sna Ráitis Airgeadais aistrithe ó euro go Sterling ag an ráta deiridh ag deireadh na bliana ar ionann é agus €1.11657 (2019: €1.18106) don Ráiteas Maidir le Seasamh Airgeadais agus ag meánráta bliantúil de €1.12435 (2019: €1.13983) do Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

### 2. Ioncam Iomlán

| | | **2020 € (000)** | **2019 € (000)** | **2020 £Stg (000** | **2019 £Stg (000** |
|---|---|---|---|---|---|
| | Nótaí | | | | ` |
| Fáilte Éireann | | **51,231** | 61,593 | **45,565** | 54,038 |
| Tourism Northern Ireland | | **7,967** | 14,788 | **7,086** | 12,973 |
| Ioncam Trádála | | **402** | 2,077 | **357** | 1,822 |
| Ioncam Éagsúil | | **3** | 27 | **3** | 23 |
| Glanmhaoiniú iarchurtha le haghaidh pinsean | 14e | **2,666** | 2,912 | **2,371** | 2,555 |
| | | **62,269** | 81,397 | **55,382** | 71,411 |

Tá ioncam infhaighte ó Fháilte Éireann agus ó Tourism Northern Ireland de réir na bhforálacha maoinithe atá leagtha síos sa Mheabhrán Airgeadais. Ba é an méid iarbhír a fuarthas i Sterling ó Tourism Northern Ireland ná £7.065m (2019: £13.309m).

Áirítear san ioncam ó Fháilte Éireann €2.466m: ar son Margaíocht Táirgí agus Rochtain Réigiúnach (le rochtain ar na réigiúin lasmuigh de Bhaile Átha Cliath agus Tuaisceart Éireann a chur chun cinn).

Áirítear san ioncam ó Tourism Northern Ireland €0.117m: £0.104m (2019: €1.799m: £1.579m) le haghaidh Margaíocht Táirgí a rinneadh thar a cheann.

De ghnáth tarraingíonn Turasóireacht Éireann as an maoiniú ó dá roinn urraitheora atá aige, lena chaiteachas beartaithe a mheáitseáil, agus é de chuspóir aige iarmhéid charnaithe an-bheag a bheith ar a Chuntas Ioncaim agus Caiteachais ag deireadh na bliana. I rith 2020, mar gheall ar chealú gníomhaíochtaí de bharr COVID-19, tarraingíonn airgead anuas nach bhféadfaí a chaitheamh in 2020, agus mar gheall ar sin bhí cúlchistí substaintiúla ann ag 31 Nollaig 2020. Tá sé ar intinn ag Turasóireacht Éireann na cúlchistí seo a úsáid i bhfeachtais éagsúla le cabhrú le téarnamh thionscal turasóireachta na hÉireann i rith 2021.

## 3. Caiteachas

| | Nótaí | 2020<br>€<br>(000) | 2019<br>€<br>(000) | 2020<br>STG£<br>(000) | 2019<br>STG£<br>(000) |
|---|---|---|---|---|---|
| Cláir Mhargaíochta | | **23,790** | 51,858 | **21,159** | 45,496 |
| Gníomhairí Díolacháin Ginearálta thar lear | | **571** | 697 | **508** | 611 |
| Fostaithe agus Luach Saothair | 5 | **17,302** | 16,449 | **15,389** | 14,431 |
| Costais Teic Faisnéise | | **1,253** | 1,238 | **1,114** | 1,086 |
| Cíos agus Rátaí | | **2,840** | 2,617 | **2,526** | 2,296 |
| Costais Oifige agus Riaracháin | | **3,633** | 4,085 | **3,231** | 3,584 |
| Taisteal agus Cothabháil | | **327** | 1,471 | **291** | 1,291 |
| Dlíthiúil agus Gairmiúil | | **469** | 468 | **417** | 410 |
| Luach Saothair na Stiúrthóirí | 6 | **68** | 76 | **60** | 67 |
| Drochfhiacha | | **10** | 1 | **9** | 1 |
| | | **50,263** | 78,960 | **44,704** | 69,273 |

Áirítear sna cláir mhargaíochta Fáilte Éireann €0.398m: £0.354, (2019: €4.121: £3.615m) ar son Margaíocht Táirgí agus Rochtain Réigiúnach (le rochtain ar na réigiúin lasmuigh de Bhaile Átha Cliath agus Tuaisceart Éireann a chur chun cinn).

Áirítear sna cláir mhargaíochta Tourism Northern Ireland €0.099m: £0.088m (2019: €1.850m: £1.623m) le haghaidh Margaíocht Táirgí a rinneadh thar a cheann.

## 2020 Anailís Gheografach ar Chaiteachas

| | Nótaí | Lárnach<br>€<br>(000) | An Bhreatain<br>€<br>(000) | An Eoraip<br>€<br>(000) | An Chuid Eile den Domhan<br>€<br>(000) | Meiriceá Thuaidh<br>€<br>(000) | Iomlán<br>€<br>(000) |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Cláir Mhargaíochta | | 10,078 | 2,638 | 5,031 | 586 | 5,457 | 23,790 |
| Gníomhairí Díolacháin Ginearálta thar lear | | - | - | 147 | 424 | - | 571 |
| Costais Foirne agusLuach Saothair | 5 | 9,378 | 1,145 | 3,555 | 954 | 2,270 | 17,302 |
| Costais Teic Faisnéise | | 1,070 | 34 | 69 | 13 | 67 | 1,253 |
| Cíos agus Rátaí | | 694 | 556 | 559 | 190 | 841 | 2,840 |
| Costais Oifige agus Riaracháin | | 2,896 | 145 | 169 | 41 | 382 | 3,633 |
| Taisteal agus Cothú | | 96 | 17 | 77 | 43 | 94 | 327 |
| Dlíthiúil agus Gairmiúil | | 314 | 4 | 53 | 7 | 91 | 469 |
| Luach Saothair na Stiúrthóirí | 6 | 68 | - | - | - | - | 68 |
| Drochfhiacha | | 10 | - | - | - | - | 10 |
| | | 24,604 | 4,539 | 9,660 | 2,258 | 9,202 | 50,263 |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Lárnach | An Bhreatain | An Eoraip | An Chuid eile den Domhan | Meiriceá Thuaidh | Iomlán |
| | Nótaí | STG£ (000) | STG£ (000) | STG£ (000) | STG£ (000) | STG£ (000) | STG£ (000) |
| Cláir Mhargaíochta | | 8,963 | 2,346 | 4,476 | 521 | 4,853 | 21,159 |
| Gníomhairí Díolacháin Ginearálta thar lear | | - | - | 131 | 377 | - | 508 |
| Costais Foirne agus Luach Saothair | 5 | 8,341 | 1,018 | 3,162 | 848 | 2,020 | 15,389 |
| Costais Teic Faisnéise | | 952 | 30 | 61 | 12 | 59 | 1.114 |
| Cíos agus Rátaí | | 617 | 495 | 497 | 169 | 748 | 2,526 |
| Costais Oifige agus Riaracháin | | 2,576 | 129 | 150 | 36 | 340 | 3,231 |
| Taisteal agus Cothú | | 85 | 15 | 68 | 39 | 84 | 291 |
| Táillí Dlí agus gairmiúla | | 279 | 4 | 47 | 6 | 81 | 417 |
| Luach Saothair na Stiúrthóirí | 6 | 60 | - | - | - | - | 60 |
| Drochfhiacha | | 9 | - | - | - | - | 9 |
| | | 21,882 | 4,037 | 8,592 | 2,008 | 8,185 | 44,704 |

Tá na cláir Margaíochta Láir comhdhéanta de ionaid teagmhála custaiméirí de chuid Thurasóireacht Éireann, aonad ríomh-mhargaíochta, táirgeadh fógraíochta agus na costais a ghabhann le táirgeadh agus dáileadh na n-ábhar margaíochta.

## 4. Barrachas/(Easnamh) ioncaim thar caiteachas

Luaitear é seo tar éis iad seo a leanas a ghearradh

| | | **2020** | **2019** | **2020** | **2019** |
|---|---|---|---|---|---|
| | Nótaí | **€ (000)** | **€ (000)** | **STG£ (000)** | **STG£ (000)** |
| Amúchadh sócmhainní seasta doláimhsithe | 7 | - | - | - | - |
| Dímheas ar mhaoin, gléasra agus trealamh | 8 | **347** | **356** | **308** | **312** |
| Fáilteachas | | 10 | 54 | **9** | **47** |
| Luach saothair an Iniúchóra | | **23** | **211** | **20** | **18** |
| Luach Saothair na Stiúrthóirí | 6 | **68** | **76** | **60** | **67** |
| Cíosanna Léas Oibriúcháin - Talamh agus Foirgnimh | | **2,557** | **2,256** | **2,274** | **1,979** |
| Cíosanna Léas Oibriúcháin - Eile | | **2** | **10** | **2** | **8** |

## 5. Fostaithe agus Luach Saothair

| | | 2020 | 2019 | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|
| | Nótaí | € (000) | € (000) | STG£ (000) | STG£ (000) |
| Pá agus Tuarastal | | **10,404** | 9,887 | **9,253** | 8,674 |
| Costais Leasa Shóisialaigh | | **1,379** | 1,254 | **1,226** | 1,100 |
| Cláir Shocrúcháin do Mhic léinn | | **603** | 754 | **537** | 662 |
| Ranníocaíocht na Cuideachta le pinsin phríobháideacha | 14h | **94** | 88 | **84** | 77 |
| Costais seirbhísí reatha pinsean | 14e | **4,497** | 4,130 | **4,000** | 3,623 |
| Costais Phárolla eile | | **325** | 336 | **289** | 295 |
| | | **17,302** | 16,662 | **15,389** | 14,431 |

Bhí 162 duine ar an meán fostaithe i rith na bliana (2019: 163).

Cheap an Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas an Príomhfheidhmeananch ar an 10 Meitheamh, 2009, ar chonradh 5 bliana ar dtús. Bronnadh an dara conradh cúig bliana ina dhiaidh sin agus ó Mheitheamh 2019 i leith tá sé fostaithe ar chonradh d'fhad éiginnte, mar a tugadh faoi deara ag an gComhairle Aireachta Thuaidh-Theas. €170,020 (£151,216) (2019: €166,303 (£145,901) de thuarastal a bhí ag an bPríomhfheidhmeannach in 2020. Tá sé ina bhall de scéim phinsean na Cuideachta, níl bónas iníoctha agus rinneadh leasú ar a thuarastal de réir an Acht um Bearta Éigeandála Airgeadais ar Mhaithe le Leas an Phobail 2009. Tá an tuarastal faoi réir ag ranníocaíocht nua pinsean Croí-Scéime de 7.35%.

| | Líon na bhfostaithe 2020 | Líon na bhfostaithe 2019 |
|---|---|---|
| €60,001 - €70,000 | 17 | 17 |
| €70,001 - €80,000 | 11 | 11 |
| €80,001 - €90,000 | 9 | 9 |
| €90,001 - €100,000 | 7 | 7 |
| €100,001 - €110,000 | 9 | 8 |
| €110,001 - €120,000 | 1 | 1 |
| €120,001 - €130,000 | 1 | 0 |
| €130,001 - €140,000 | 2 | 3 |
| €140,001 - €150,000 | 0 | 0 |
| €150,001 - €160,000 | 1 | 3 |
| €160,001 - €170,000 | 2 | 1 |
| €170,001 - €180,000 | 1 | 0 |
| €180,000 – 190,000 | 0 | 1 |
| €190,001 - €200,000 | 1 | 0 |

** Éilítear miondealú ar luach saothair iomlán na bhfostaithe (lena n-áirítear tuarastail agus sochair eile) os cionn €60,000, in incrimintí de €10,000, faoi chiorclán DPER 13/2014.*

## 6. Luach saothar agus speansais na Stiúrthóirí

| | 2020 | 2019 | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | € | € | STG£ | STG£ |
| Joan O'Shaughnessy Cathaoirleach | 8,978 | 11,970 | 7,985 | 10,502 |
| Chris Brooke (Leas-Chathaoirleach) | 9,830 | 9,830 | 8,743 | 8,624 |
| Ruth Andrews | 3,206 | - | 2,852 | - |
| Trevor Clarke | 7,695 | 7,695 | 6,844 | 6,751 |
| Harry Connolly | 7,695 | 7,695 | 6,844 | 6,751 |
| Joe Dolan | 3,206 | 7,695 | 2,852 | - |
| Nóirín Hegarty | 5,771 | - | 5,133 | - |
| Graham Keddie | 7,695 | 7,695 | 6,844 | 6.751 |
| Stephen McNally | 3,206 | - | 2,852 | - |
| Mary Mulvey | 3,206 | - | 2,852 | - |
| David O'Brien | - | 7,695 | - | 6,751 |
| Michael O'Sullivan | - | 7,695 | - | 6,751 |
| Kathryn Thomson | 7,695 | 7,695 | 6,844 | 6,751 |
| Trevor White | - | 7,695 | - | 6,751 |
| Ar son seirbhísí mar Stiúrthóirí | 68,183 | 75,665 | 60,645 | 66,383 |

Ar son seirbhísí mar Stiúrthóirí

Threoraigh beirt de na Stiúrthóirí, Graham Keddie agus Kathryn Thomson, do Thurasóireacht Éireann CTR a luach saothair a íoc le carthanachtaí, Goliath Trust Limited (ar feitheamh ar stádas carthanachta) agus The National Museum of Northern Ireland (Uimh carthanachta NIC103729) faoi seach. Mar sin, cé go bhfuil luach saothair Keddie agus Thomson áirithe sa tábla thuas, ní bhfuair ceachtar acu aon chuid den luach saothair sin.

Ní bhfuair aon Stiúrthóir eile luach saothair agus níl na Stiúrthóirí i dteideal aon díolaíochtaí eile, sochar nó pinsean, agus níl siad i dteideal cúitimh i leith cailleadh oifige. Ní bhfuair aon duine de na Stiúrthóirí dreasacht le hoifig a ghlacadh.

### Speansais Stiúrthóirí

| | 2020<br>€ | 2019<br>€ | 2020<br>£ | 2019<br>ST£ |
|---|---|---|---|---|
| Míleáiste | 159 | 2,703 | 139 | 2,371 |
| Cóiríocht agus Cothú | 778 | 8,317 | 683 | 7,296 |
| Speansais taistil eile | - | 10,875 | - | 9,541 |
| **Iomlán** | 937 | 21,894 | 822 | 19,208 |

## 7. Sócmhainní Doláimhsithe Seasta

Baineann an sócmhainne seo le ceannach an ainm fearainn "Ireland.com" ón Irish Times ag deireadh na bliana 2012.

| | Ainm Fearainn<br><br>€(000) |
|---|---|
| Costas<br><br>Ar 1 Eanáir agus 31 Nollaig 2020 | 609 |
| Amúchadh<br><br>Ar 1 Eanáir agus 31 Nollaig 2020 | 609 |
| Glanluach Leabhair<br><br>Ar 31 Nollaig 2019 agus 2020 | - |

| | Ainm Fearainn<br>STG (000) |
|---|---|
| Costas<br><br>Ar 1 Eanáir agus 31 Nollaig 2020 | 540 |
| Amúchadh<br><br>Ar 1 Eanáir agus 31 Nollaig 2020 | 540 |
| Glanluach Leabhair<br><br>Ar 31 Nollaig 2019 agus 2020 | - |

Déantar saol úsáideach na sócmhainní seasta doláimhsithe, lena ndéantar an t-amúchadh a ríomh, a mheas mar seo a leanas: Ainmneacha Fearainn: 5 bliana

## 8. Maoin, gléasra agus trealamh

| | Trealamh Ríomhaireachta | Daingneáin agus Feistis | Maoin Léasachta | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | € (000) | € (000) | € (000) | € (000) |
| Costas Ag 1 Eanáir 2020 | 1,158 | 659 | 2,105 | 3,922 |
| Breiseanna | 75 | 191 | - | 266 |
| Diúscairtí | (16) | (105) | - | (121) |
| **Ar 31 Nollaig 2020** | **1,217** | **745** | **2,105** | **4,067** |
| Dímheas Ag 1 Eanáir 2020 | 932 | 535 | 904 | 2,423 |
| Muirear don Bhliain | 149 | **26** | 172 | 347 |
| Diúscairtí | (16) | (105) | - | (121) |
| Ar 31 Nollaig 2020 | 1,117 | 456 | 1,076 | 2,649 |

Glanluach Leabhair

| | € (000) | € (000) | € (000) | € (000) | € (000) |
|---|---|---|---|---|---|
| Ar 31 Nollaig 2020 | 100 | 289 | 1,029 | - | 1,418 |
| Ar 31 Nollaig 2019 | 174 | 124 | 1,201 | 1,361 | 1,499 |

| | Trealamh Ríomhaireachta | Daingneáin agus Feistis | Maoin Léasachta | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | STG£ (000) | STG£ (000) | STG£ (000) | STG£ (000) |
| Costas<br>Ag 1 Eanáir 2020<br>Coigeartú Malartáin | 980<br>57 | 560<br>33 | 656<br>103 | 3,326<br>193 |
| Breiseanna | 67 | 169 | - | 236 |
| Diúscairtí | (14) | (94) | - | (108) |
| **Ar 31 Nollaig 2020** | 1,090 | 668 | 1,889 | 3,647 |
| **Dímheas** Ag 1 Eanáir 2020 | 836 | 454 | 767 | 2,057 |
| Coigeartú Malartáin | 49 | 26 | 45 | 120 |
| Muirear don Bhliain | 132 | 23 | 150 | 308 |
| Diúscairtí | (14) | (94) | - | (108)) |
| **Ar 31 Nollaig 2020** | 1,003 | 409 | 965 | 2,377 |
| Glanluach Leabhair | ST£ (000) | ST£ (000) | ST£ (000) | ST£ (000) |
| Ar 31 Nollaig 2020 | 87 | 259 | 924 | 1,270 |
| Ar 31 Nollaig 2019 | 144 | 106 | 1,019 | 1,269 |

Saol úsáideach réadmhaoine, ghléasra agus trealaimh, lena ndéantar an dímheas a ríomh

Trealamh Ríomhaireachta 3 bliana

Daingneáin agus Feistis 8 mbliana

Maoin Léasach 8 mbliana

## 9. Méideanna infhála

| | 2020<br>€<br>(000) | 2019<br>€<br>(000) | 2020<br>STG£<br>(000) | 2019<br>STG£<br>(000) |
|---|---|---|---|---|
| Feichiúnaithe Trádála | **1** | 105 | 1 | **89** |
| Fáilte Éireann | **215** | 1,756 | 193 | **1,487** |
| Tourism Northern Ireland | **56** | 221 | 50 | **187** |
| Ilfheichiúnaithe agus réamhíocaíochtaí | **717** | 2,491 | 642 | **2,109** |
| | **989** | 4,573 | 886 | **3,872** |

## 10. Méideanna Iníoctha

| **Suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin** | 2020<br>€<br>(000) | 2019<br>€<br>(000) | 2020<br>STG£<br>(000) | 2019<br>STG£<br>(000) |
|---|---|---|---|---|
| Creidiúnaithe trádála agus éagsúla | **4,789** | 11,993 | **4,289** | 10,154 |
| Ioncam trádála réamhfhaighte | **114** | 45 | **102** | 38 |
| Costais agus asbhaintí cánach a bhain le pá | **339** | 323 | **302** | 274 |
| Costais Pinsin | **8** | 6 | **7** | 5 |
| CBL | **561** | 208 | **502** | 176 |
| Fabhruithe | **886** | 1,740 | **794** | 1,473 |
| | **6,697** | 14,315 | **5,998** | 12.120 |

## 11. Léasanna Oibriúcháin

11. Léasanna Oibriúcháin
Ag 31 Nollaig 2020 bhí ceangaltais mar seo a leanas ar an Chuideachta faoi léasanna Oibriúcháin:

| | Áitribh | Léasanna Oibriúcháin Eile | Iomlán | Áitribh | Léasanna Oibriúcháin Eile | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €<br>(000) | €<br>(000) | €<br>(000) | STG£<br>(000) | STG£<br>(000) | STG£<br>(000) |
| laistigh de 1 bhliain | 2,434 | 2 | 2,436 | 2,179 | 2 | 2,181 |
| idir 2 agus 5 bliana | 7,685 | - | 7,685 | 6,883 | - | 6,883 |
| Níos mó ná 5 bliana | 8,207 | - | 8,207 | 7,351 | - | 7,351 |
| | 18,326 | 2 | 18,328 | 16,413 | **2** | 16,415 |

## 11 Léasanna Oibriúcháin (ar leanúint)

Seo a leanas miondealú ar an gcíos iníochta maidir le háitribh ar léas

| | | | 2020 Cíos Iníoctha | 2019 Cíos Iníoctha | 2020 Cíos Iníoctha | 2019 Cíos Iníoctha |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Suíomh | Dáta Éaga | Briseadh Clásal | € (000) | € (000) | STG£ (000 | STG£ (000 |
| Ardoifigí | | | | | | |
| Baile Átha Cliath (3)<br>Cúil Raithin | 2038<br>2023 | -<br>- | 626<br>40 | 629<br>40 | 557<br>36 | 552<br>35 |
| **Oifigí Thar Lear** | | | | | | |
| Amsterdam | 2021 | - | 71 | 68 | 63 | 60 |
| An Bhruiséil | 2021 | - | 37 | 37 | 33 | 32 |
| Copenhagen | 2020 | - | 58 | 57 | 51 | 50 |
| Dubai | 2020 | - | 70 | 66 | 63 | 58 |
| Frankfurt | 2022 | - | 73 | 72 | 65 | 63 |
| Glaschú | 2028 | - | 23 | 24 | 20 | 21 |
| Londain (3) | 2025 | - | 334 | 235 | 297 | 206 |
| Madrid (1)(2) | Rolláil | - | 46 | 46 | 41 | 40 |
| Milan(2) | Rolláil | - | 42 | 46 | 37 | 40 |
| Nua Eabhroc (1) | 2019 | - | 784 | 574 | 697 | 504 |
| Páras | 2027 | 2024 | 178 | 188 | 158 | 165 |
| Shanghai (3) | 2019 | - | 34 | 40 | 31 | 35 |
| Sydney | 2022 | - | 82 | 82 | 73 | 72 |
| Toronto | 2023 | - | 52 | 52 | 52 | 46 |
| Iomlán | | | 2,257 | 2,256 | 2,274 | 1,979 |

*Nótaí:*

*1) Cóiríocht á roinnt le gníomhaireacht eile stáit nó comhlacht Rialtais eile.*

*(2) Áitreabh sealbhaithe ar bhonn reatha rollála gan téarma seasta*

*(3) De réir FRS102, déantar dreasachtaí léasa a spré thar an tréimhse léasa atá fágtha.*

## 12. Réiteach barrachais/(easnaimh) ioncaim thar caiteachas le hairgead glan a gineadh as gníomhaíochtaí oibriúcháin

| | 2020<br>€<br>(000) | **2019**<br>**€**<br>**(000)** | **2020**<br>**STG£**<br>**(000)** | 2019<br>STG£<br>(000) |
|---|---|---|---|---|
| **(Easnamh)/ Barrachasdon bhliain** | 12,087 | 2,657 | **10,750** | 2,331 |
| Dímheas ar mhaoin, gléasra agus Feistis | 347 | **356** | **308** | 312 |
| Aistriú (chuig)/ó Chúlchiste Deontais an Rialtais | (81) | **(220)** | - | (193) |
| Caillteanas ar dhiúscairt réadmhaoine, gléasra agus trealaimh | - | **1** | | 1 |
| Laghdú/(Méadú) in infháltais | 3,584 | (1,771) | **2,986** | (1,366) |
| (Laghdú) /Méadú i suimeanna iníoctha | (7,618 ) | 1,399 | (6,122) | 566 |
| Athluacháil ar Iarmhéid Tosaigh | - | - | **173** | (41) |
| Athluacháil ar Iarmhéid Deiridh | - | - | **75** | (81) |
| Glan insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin | 8,319 | 2,422 | **8,098** | 1,529 |

## 13. Réiteach insreabhadh/(eas-sreabhadh) Airgid in Airgead Tirm agus i gcoibhéisí Airgid

| | **2020**<br>**€**<br>**(000)** | **2019**<br>**€**<br>**(000)** | **2020**<br>**STG£**<br>**(000)** | **2019**<br>**STG£**<br>**(000)** |
|---|---|---|---|---|
| Airgead Tirim agus coibhéisí airgid ar 1 Eanáir | 13,273 | 10,988 | 11,238 | 9,829 |
| Glan-insreabhadh/(eis-sreabhadh) Airgid | 8,053 | 2,285 | 7,862 | 1,409 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag 31 Nollaig | 21,326 | 13,273 | 19,100 | 11,238 |
| Glan insreabhadh/(Eis-sreabhadh) airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin | 8,319 | 2,422 | 8,098 | 1,529 |
| Glan-Insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid ó ghníomhaíochta neamhoibriúcháin | (266) | (137) | (236) | (120) |
| Glan-insreabhadh/(eis-sreabhadh) Airgid | 8,053 | 2,285 | 7,862 | 1,409 |

## 14. Pinsin

### *a) Cúlra*

Chuir na Comhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh Theas agus Turasóireacht Éireann Teoranta an Scéim Pinsin Thuaidh Theas le feidhm ón 29 Aibreán 2005.

Tá ranna éagsúla sa scéim phinsin le struchtúir éagsúla sochair. Is iad na príomhranna:

Roinn an Chroí-Thuarastail Deiridh - is socrú pinsean tuarastal deiridh é seo le sochair bunaithe ar roinn Clasaiceach an Phríomhscéim Pinsean Státseirbhíse i dTuaisceart Éireann. Cuirtear pinsean (an t-ochtódú cuid in aghaidh na bliana seirbhíse), cnapshuim nó aisce (trí ochtódú in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin do chéilí agus do leanaí ar fáil faoin scéim. Is é 60ú breithlá an bhaill an gnáth-Aois Scoir. Ardaítear pinsin atá á n-íoc (agus iarchurtha) de réir an bhoilsciú ginearálta i bpraghsanna.

An roinn croíláir alfa - is socrú pinsin tuilleamh athluacháilte meánaithe gairme nó scéim CARE é seo a bhfuil a chuid sochar bunaithe ar roinn alfa an Phríomhscéim Pinsean Státseirbhíse i dTuaisceart Éireann. Soláthraíonn an scéim pinsean bunaithe ar chéatadán (2.32%) den phá inphinsin le haghaidh gach bliain den bhallraíocht ghníomhach (méadaítear an pinsean ag tús gach bliana den scéim de réir an bhoilsciú ginearálta praghsanna) agus pinsin chéile agus leanaí. Is ionann an Ghnáth-aois Scoir agus Aois Phinsean Stáit an bhaill sa dlínse ábhartha, 67,68 nó idir 67 agus 68 sa RA agus 68 in Éirinn. Ardaítear pinsin atá á n-íoc (agus iarchurtha) de réir an bhoilsciú ginearálta i bpraghsanna.

Ranna Cearta Coimeádta - ranna áirithe den scéim is ea iad seo atá bunaithe ar scéimeanna seirbhíse poiblí na hÉireann a raibh fostaithe na gComhlachtaí Thuaidh Theas ina mbaill díobh nuair a ainmníodh iad agus a aistríodh nuair a cruthaíodh na Comhlachtaí.

Socruithe tuarastal deiridh is ea na scéimeanna seo leis na sochair céanna leis an scéim ábhartha seirbhíse poiblí in Éirinn m.sh. Scéim Aoisliúntais do Státseirbhísigh Bunaithe. Soláthraíonn na scéimeanna seo pinsean (do bhaill neamh-chomhtháite ochtóduithe in aghaidh bliain seirbhíse ach dhá chéadú in aghaidh bliain seirbhíse ar thuarastal suas go 3.333 oiread Pinsean Ranníocaíoch Seanaoise an Stáit agus ochtóduithe sa bhliain seirbhíse ar thuarastal os cionnn 3.333 oiread Pinsean Ranníocaíoch Seanaoise an Stáit), aisce nó cnapshuim (trí ochtódú in aghaidh an bhliain seirbhíse) agus pinsin chéile agus leanaí. Is é 60ú breithlá an bhaill (nó 65 sa Scéim Neamhranníocaíoch do Fhostaithe Stáit Neamh-bhunaithe) an gnáthaois Scoir. Go ginearálta méadaíonn pinsin in íocaíocht (agus iarchurtha) de réir boilsciú ginearálta tuarastail na seirbhíse poiblí.

Is í Scéim Aoisliúntais Bhord Fáilte Éireann an Scéim Cearta Pinsin Coimeádta atá infheidhme do Thurasóireacht Éireann.

Tá sochair ag formhór na mball roinn chroíláir sna ranna Tuarastal Deiridh agus alfa araon agus bíonn iontrálaithe nua a thagann isteach sa Scéim tar éis 1 Aibreán 2015 ina mbaill den roinn Croíláir alfa.

Ina theannta sin déanann Turasóireacht Éireann ranníocaíochtaí chuig roinnt scéimeanna pearsanta arna bhfeidhmiú ag a cuid fostaithe.

### *b) Cóireáil Chuntasaíochta*

Éilíonn FRS 102 ráitis airgeadais chun sócmhainní agus dliteanais a thagann as dualgais an fhostóra a léiriú, ar luach cothrom, agus na costais a aithint faoi shochair aoisliúntais a sholáthar sna tréimhsí cuntasaíochta ina dtuilleann fostaithe iad.

Is í an éifeacht atá ag FRS102 ná costas na bpinsean a thuilltear, in ionad íocaíochtaí do phinsinéirí, a aithint mar chaiteachas sa bhliain, agus mar mhéid maoinithe comhfhreagrach. 20Aithnítear sa Ráiteas ar Sheasamh Airgeadais an dliteanas carnach le haghaidh pinsin atá tuillte ag fostaithe ag 31 Nollaig 2019 mar aon le sócmhainn chomhfhreagrach.

Rinne achtúire cáilithe neamhspleách (Deloitte) luacháil do na nochtuithe FRS102 ar 31 Nollaig 2020 (Deloitte). Ullmhaíodh torthaí na bliana seo trí luacháil iomlán a dhéanamh ar dhliteanais na Scéime ag cur coinníollacha margaidh agus sonraí scéime ar 31 Nollaig 2020 san áireamh.

Is iad seo a leanas na príomhthoimhdí achtúireacha faoi FRS102 a úsáideadh chun na dliteanais a ríomh:

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| Ráta lascaine (Deisceart) | 0.80% | 1.30% |
| Ráta lascaine (Tuaisceart) | 1.35% | 2.10% |
| Ráta boilscithe (Deisceart) | 1.05% | 1.15% |
| Ráta boilscithe (Tuaisceart) | 2.20% | 2.00% |
| Ráta méadú i dtuarastail (Deisceart) | 2.20% | 2.00% |
| Ráta méadú i dtuarastail (Deisceart) | 2.20% | 2.00% |
| Ráta méadú i bpinsin (Deisceart) | 1.05% nó 2.20% | 1.15% nó 2.00% |
| Ráta méadú i bpinsin (Tuaisceart) | 2.20% | 2.00% |
| Meánsaol ionchasach sa todhchaí ag aois 65 | | |
| d'Fhear atá 65 bliana d'aois faoi láthair | 22.3 | 22 |
| Bean atá 65 bliana d'aois faoi láthair 65 | 24.6 | 23.9 |
| d'Fhear atá 45 bliana d'aois faoi láthair | 23.6 | 23.4 |
| Bean atá 45 bliana d'aois faoi láthair | 26.0 | 25.4 |

## 14. Pinsin (ar leanúint)

## c) Gluaiseacht i nGlandliteanas Pinsin i rith na bliana airgeadais

| | **2020** | 2019 | **2020** | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | € (000 | € (000 | STG£ (000) | STG£ (000) |
| Dualgas Sochar Scoir ag tús na bliana | (75,349) | (61,868) | (63,799) | (55,343 |
| Difríochtaí malartáin | - | - | **(3,700)** | 3,048 |
| Sochair íoctha i rith na bliana | 1,831 | 1,218 | 1,629 | 1,069 |
| Costas reatha seirbhíse | (3,309) | (2,668) | (2,943) | (2.341 |
| Traschuir ghlana isteach sa (amach ón) scéim | - | - | - | - |
| Ioncam/(muirear) airgeadais eile | (1,188) | (1,462) | (1,057) | (1,283) |
| (Caillteanas)/ Gnóthachan Achtúireach | (11,900) | (10,569 | (10,658) | (8,949 |
| Dualgas Sochar Scoir ag deireadh na bliana | (89,915) | (75,349) | (80,528) | (63,799 |

## *d) Anailís ar ghnóthachan/(caillteanas) Achtúireach:*

| | **2020** | **2019** | **2020** | **2019** |
|---|---|---|---|---|
| | **€ (000)** | **€(000)** | STG£ (000) | STG£ (000) |
| (Caillteanas)/ Gnóthachan Taithí | **(1,105)** | (575) | **(990)** | (487) |
| Gnóthachan/(Caillteanas) ar ghluaiseachtaí airgeadra | **1,699** | (1,247) | **1,521** | (1,056) |
| (Caillteanas)/gnóthachan ar athrú boinn tuisceana deimeagracha | **(706)** | - | **(632)** | - |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Gnóthachan/(Caillteanas) ar athrú boinn tuisceana airgeadais | **(11,788)** | (8,747) | (10,557) | (7,406) |
| Gnóthachan(Caillteanas) Achtúireach | **(11,900)** | (10,569) | (10,658) | (8,949) |

## *e) Ráiteas maidir le hAnailís Ioncaim agus Caiteachais don Bhliain Airgeadais*

Tá an anailís ar an nglan-mhaoiniú iarchurtha do phinsin mar seo a leanas:

| | **2020** | **2019** | **2020** | **2019** |
|---|---|---|---|---|
| | **€ (000)** | **€ (000)** | **STG£ (000)** | **STG£ (000)** |
| Costas reatha seirbhíse | **3,309** | 2,668 | **2,943** | 2,341 |
| Costas airgeadais eile | **1,188** | 1,462 | **1,057** | 1,283 |
| Sochair a íocadh i rith na bliana | **(1,831)** | **(1,218)** | **(1,629)** | (1,069) |
| Glanchistiú iarchurtha i gcomhair pinsean sa bhliain | **2,666** | **2,912** | **2,371** | 2,555 |

Tá anailís ar an seirbhís reatha pinsin mar seo a leanas:

| | **2020** | **2019** | **2020** | **2019** |
|---|---|---|---|---|
| | **€ (000)** | **€ (000)** | **STG£ (000)** | **STG£ (000)** |
| Costas reatha seirbhíse | **3,309** | 2,668 | **2,943** | 2,341 |
| Costas airgeadais eile | **1,188** | 1,462 | **1,057** | 1,283 |
| | **4,497** | 4,130 | **4,000** | 3,624 |

## *f) Sócmhainn Maoinithe Iarchurtha do Phinsin*

| | **2020** | **2019** | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | **€ (000)** | **€ (000)** | **STG£ (000)** | **STG£ (000)** |
| | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir | 75,349 | 61,868 | 63,799 | 55,343 |
| Méadú/(Laghdú) i Maoiniú Iarchurtha Sócmhainn Phinsin | 14,566 | 13,481 | 16,729 | 8,456 |
| | | | | |
| Iarmhéid deiridh ag 31 Nollaig | 89,915 | 75,349 | 80,528 | 63,799 |

## *g) Stair Dhliteanais Shainmhínithe Sochair*

| | **2020** | **2019** | **2018** | **2017** | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€ (000)** | **€ (000)** | **€ (000)** | **€ (000)** | € (000) |
| (Easnamh) ar 31 Nollaig | (89,915) | (75,349) | (61,868) | **(60,619)** | (64,899) |
| Gnóthachan/(Caillteanas) Taithí | (1,105) | (575) | (1,377) | **2,938** | (4,700) |
| Céatadán na nDliteanas Scéime | **(1.2%)** | **(0,8%)** | **(2.5%)** | **4.8%** | (7.2%) |
| | | | | | |
| | | **2019** | **2018** | **2017** | 2016 |
| | | **STG£ (000** | **STG£ (000** | **STG£ (000)** | STG£ (000) |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| (Easnamh) ar 31 Nollaig | (80,528) | (63,799) | (55,343) | **(53,781** | (55,443) |
| Gnóthachan/(Caillteanas) Taithí | (990) | (487) | (1,539) | **2,607** | (4,015) |
| Céatadán na nDliteanas Scéime | (1.2%) | (o,8%) | (2.5%) | **4.8%** | (7.2%) |

*h) Scéimeanna Pinsin Príobháideacha*

I gcúinsí nach bhfuil an fhoireann in ann leas a bhaint as an scéim, féadfaidh siad scéim ranníocaíochta sainmhínithe pearsanta a bhunú ina gcuirfidh an Chuideachta ranníocaíocht. Tá 39 ball foirne i scéimeanna dá leithéid.

## 15. Ceangaltais Chaipitiúla

Ní raibh aon cheangaltas i leith caiteachas ar an gcuideachta ar 31 Nollaig 2020 (2019: €0.0m.

## 16. Ceangaltais Eile

Bhí ceangaltas i leith caiteachas margaíochta de €1.1m (£1.0m) ar an gcuideachta ar 31 Nollaig 2020 (2018 - €7.2m: £6.1m).

## 17. Ceangaltais Íocaíochta Deontais

Ní raibh aon cheangaltas íocaíochta deontais ann ar an 31 Nollaig 2020 (2019 - náid).

## 18. Dliteanais Theagmhasacha

Dliteanais Theagmhasacha ar 31 Nollaig 2020 €1.0 (£0.9m) (2019: €0.8m, £0.7m).

Tugadh dhá chás bhinse fostaíochta i gcásanna McCloud agus Sargent in aghaidh Rialtas RA maidir
le leithcheal féideartha i bhfeidhmiú chosaint trasdula tar éis athruithe a rinneadh ar reachtaíocht scéimeanna pinsean na seirbhíse poiblí sa RA in 2015. I mí na Nollag 2018, rialaigh an Chúirt Achomhairc go raibh na cosaintí trasdula ina gcúis leithcheala mídhleathach ar bhonn aoise. D'iarr Rialtas RA cead achomhairc in aghaidh an chinnidh seo sa Chúirt Uachtarach, ach diúltaíodh don iarratas ar an 27 Meitheamh, 2019.

Tá Roinn Airgeadais Thuaisceart Éireann i dteagmháil leanúnach le Státchiste na Breataine maidir le moltaí le leithcheal aoise a réiteach i scéimeanna ginearálta na seirbhíse poiblí a eascraíonn as rialú McCloud. Dúnadh comhairliúchán seirbhíse poiblí na Roinne d'fhonn an leithcheal a bhí aitheanta ag na cúirteanna i leasúcháin phinsin 2015 a bhaint i mí na Samhna 2020 agus bhí freagra foilsithe mar thoradh ar an gcomhairliúchán ar an 25 Feabhra, 2021. Tá sonraí an chomhairliúcháin agus freagra an chomhairliúcháin ar fáil ag:

https://www.finance-ni.gov.uk/consultations/consultation-proposed-changes-transitional-arrangements-2015-schemes https://www.finance-ni.gov.uk/publications/response-consultation-proposed-changes-transitional-arrangements-2015-schemes

Glactar leis go mbeidh an próiseas ceartaithe fada fadálach, agus go mbeidh air dul i ngleic go cóir le ceist na bhfabhruithe pinsin ó 2015 agus an mbeadh na daoine atá i gceist níos fearr as i

scéimeanna nua. Maidir leis seo, d'fhéadfadh go gcaithfear baill foirne áirithe de Thurasóireacht Éireann, atá ina mbaill scéime den scéim Phinsin Thuaidh/Theas a chúiteamh i leith aon leithcheal a d'fhulaing siad mar gheall ar na cosaintí trasdula.

Tá sé deacair tionchar an bhreithiúnais a áireamh ag an bpointe seo mar go mbeidh sé ag brath ar an an gcúiteamh a bhronntar, ar mhéaduithe tuarastail na mball amach anseo, ar fhad seirbhíse agus aois scoir, agus an mbeidh na baill ag tarraingt siar ón seirbhis ghníomhach (agus cathain). Beidh gá le tuilleadh breithnithe a dhéanamh ar théarmaí aon socraíochta a a mbeadh faomhadh ag teastáil ar a son ón Roinn Airgeadais (Tuaisceart Éireann) agus ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (Éire).

Ar an mbonn seo, níl aon fhoráil déanta sna cuntais do bhreithiúnas McCloud/Sargeant. Tá sé measta ag achtúire na scéime pinsin Thuaidh Theas go bhféadfadh cúiteamh suas le €1,00,000 a bheith iníoctha ag Turasóireacht Éireann.

## 19. Idirbhearta Páirtithe Gaolmhara

Is Cuideachta Teoranta le rathúnas é Turasóireacht Éireann CTR a bhfuil dhá bhall ann, Fáilte Éireann agus Tourism Northern Ireland, faoi urraíocht ag dhá roinn rialtais, An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán in Éirinn agus an Roinn Eacnamaíochta (An Roinn Fiontraíochta, Trádála agus Infheistíochta roimhe seo) i dTuaisceart Éireann. Meastar na gníomhaíochtaí agus na ranna seo a bheith ina bpáirtithe gaolmhara agus i rith na bliana fuair Turasóireacht Éireann CTR an chuid is mó dá mhaoiniú uathu seo agus bhí idirbhearta éagsúla aici leo. Nochtar na hidirbhearta seo i nótaí 2, 3 agus 9.

Mar atá le go leor aonán eile, pléann Turasóireacht Éireann CTR i ngnáthchúrsaí gnó le comhlachtaí eile a bhfuil úinéireacht nó smacht i bpáirt nó in iomlán ag Rialtas na hÉireann nó Rialtas Ríocht Aontaithe na Breataine agus Thuaisceart Éireann orthu.

## 20. Comhaltaí an Bhoird - nochtadh Bearta

I ngnáthchúrsa an ghnó, d'fhéadfadh Turasóireacht Éireann CTR dul i mbun socruithe conarthacha le gnólachtaí ina bhfuil Comhaltaí Boird fostaithe nó leasmhar ar shlí eile. Tá nósanna imeachta glactha chucu ag Turasóireacht Éireann CTR atá faoi réir na dtreoirlínte atá eisithe maidir le nochtadh leasanna na gComhaltaí Boird agus tá siad tar cloí leis na nósanna sin i rith na bliana.

I rith na bliana, d'íoc Turasóireacht Éireann €5k (£4k) (2019: €38k, £34) le Galgorm Castle Estate, a bhfuil Christopher Brooke ina stiúrthóir air, ar son chóiríocht agus áiseanna óstáin den chuid is mó.

Ní bhfuair an comhalta Boird atá i gceist aon docaiméidiúchán ó Thurasóireacht Éireann maidir leis na hidirbhearta ná ní raibh an comhalta páirteach in aon chinneadh a bhain leis na hidirbhearta.

## 21. Faomhadh na Ráitis Airgeadais

D'fhaomh na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais ar an 21 Meán Fómhair, 2021.


Turasóireacht Éireann

Cúil Raithin

Beresford House 2 Beresford Road Coleraine BT52 1GE

T: +44 28 7035 9200 F: +44 28 7035 9200

Baile Átha Cliath

Urlár 4, Cearnóg an Easpaig, Cnoc Réamainn, Baile Átha Cliath 2, D02 TD99

T: +353 1 476 3400 F: +353 1 476 3666

r-phost: info@tourismireland.com : Gréasán: www.tourismireland.com